



Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Tuarascáil ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 do 2024

Buíochas

Is mór ag an Údarás Náisiúnta Míchumais an comhar a fuaireamar ó Choistí Faireacháin na Ranna agus ó chomhlachtaí poiblí a chinntigh gur cuireadh tuairisceáin bhliantúla Chuid 5 uathu isteach faoin spriocdháta reachtúil, mar a bhí an 30 Meitheamh 2025.

Leanann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar aghaidh ag cur in iúl do Choistí Faireacháin agus do chomhlachtaí poiblí go bhfuil sé de fhreagracht orthu sonraí cruinne Chuid 5 a sholáthar don Údarás Náisiúnta Míchumais.

Ní raibh aon earráidí ann sna sonraí a foilsíodh go dtí seo.

Clár Ábhar

Achoimre Fheidhmeach	6
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)	8
Treoctáí i dtreo na híos-sprice reachtúla fostaíochta a bhaint amach don tréimhse 2007-2024	8
Feabhsú ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí	9
Na príomhbhearta a rinne comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024 chun feabhas a chur ar an dóigh a gcomhlíonann siad Cuid 5.....	10
1 Réamhrá	13
1.1 An cúlra reachtach	13
1.2 An líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu a chomhaireamh	13
1.3 Modhanna Bailithe Sonraí.....	15
1.4 Feabhas a chur ar an bpróiseas bailithe sonraí le haghaidh Chuid 5	16
2. Na Príomhfhionnachtana don bhliain 2024	17
2.1 Na Príomhfhionnachtana don bhliain 2024.....	17
Treoctáí i dtreo na híos-sprice reachtúla fostaíochta a bhaint amach don tréimhse 2007-2024	18
Feabhsú ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí.....	19
2.2 Anailís de réir an chineáil comhlachta earnála poiblí	20
Comhlachtaí Tráchtála	20
Ranna Rialtais.....	21
Rialtas Áitiúil	21
Comhlachtaí Neamhthráchtála	21
Comhlachtaí Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann dóibh	22
Achoimre ar an anailís de réir chineál an chomhlachta phoiblí	22
2.3 Anailís de réir mhéid an chomhlachta earnála poiblí.....	24
Comhlachtaí poiblí a bhfuil níos lú ná 100 ball foirne acu	24
Comhlachtaí poiblí a bhfuil idir 100 ball foirne agus 999 mball foirne acu.....	24
Comhlachtaí poiblí a bhfuil idir 1,000 ball foirne agus 4,999 mball foirne acu.....	24
Comhlachtaí poiblí a bhfuil níos mó ná 5,000 ball foirne acu.....	25
Achoimre ar an anailís de réir mhéid an chomhlachta phoiblí.....	25
2.4 Athruithe i méid na gcomhlachtaí poiblí	25
Comhlachtaí poiblí a bhfuil idir 100 fostaí agus 999 bhfostaí acu ...	26

Comhlachtaí poiblí a bhfuil 1,000 fostaí nó níos mó acu.....	27
3. Bearta chun oibleagáidí Chuid 5 a chomhlíonadh sa bhliain 2023	29
3.1 Earcú daoine faoi mhíchumas a mhéadú	30
3.2 Bearta chun tacú le fostaithe a stádas míchumais a chur in iúl.....	32
3.3 Fostaithe a bhfuil míchumas orthu nó nach bhfuil míchumas orthu a choinneáil.....	33
3.4 Socruithe réasúnacha	34
3.5 Tacaí do bhainisteoirí líne.....	36
3.6 Cláir taithí oibre	37
Clár Willing Able Mentoring (WAM) AHEAD.....	38
Clár oiliúna Foghlama Oibre an Oireachtais (OWL)	39
Cláir Inmheánacha Taithí Oibre do dhaoine faoi mhíchumas.....	40
3.7 Idirchaidreamh le Coistí Faireacháin	42
4. Faireachán agus Comhlíonadh	44
Comhlíonadh faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005	44
4.1 Comhlíonadh an Achta, 2021 agus 2022	44
4.2 Comhlíonadh an Achta, 2022 agus 2023	45
4.3 Comhlíonadh an Achta, 2023 agus 2024	46
4.4 Comhlíonadh an Achta, 2024.....	46
4.5 Bearta chun an sprioc atá le teacht isteach a bhaint amach.....	47
Aguisín A – Ranna Rialtais (a bhfuil Státseirbhísigh amháin mar Fhoireann dóibh)	49
Aguisín B – Ranna Rialtais agus na comhlachtaí atá faoina gcoimirce.....	51
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	51
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	52
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.....	53
An Roinn Airgeadais.....	54
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	55
An Roinn Sláinte.....	57
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	59
An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.....	62

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.....	65
An Roinn Coimirce Sóisialaí.....	66
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.....	67
Roinn an Taoisigh	68
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	69
An Roinn Iompair	70
Aguisín C – Rátaí Freagartha don Áireamh Foirne.....	71

Achoimre Fheidhmeach

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, tá oibleagáidí ar chomhlachtaí poiblí iomchuí¹ fostú daoine a bhfuil míchumas orthu san earnáil phoiblí a mhéadú agus a chinntiú go gcomhlíonann siad an íos-sprioc reachtúil fostaíochta le haghaidh fostú daoine faoi mhíchumas.

Tá ról reachtúil ag an Údarás Náisiúnta Míchumais i bhfaireachán a dhéanamh ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu san earnáil phoiblí, ar ról é a eascraíonn as Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005.

Is í seo an naoú tuarascáil bhliantúil déag ón Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu san earnáil phoiblí.

Sa bhliain 2024, tháinig méadú ar an íos-sprioc reachtúil fostaíochta ó 3% go 4.5%. Sa bhliain 2025, tiocfaidh méadú ar an sprioc sin go 6%.

Cuireann ÚNM comhlachtaí poiblí ar an eolas arís agus arís eile faoi na méaduithe sin sa sprioc reachtúil fostaíochta agus faoi na bearta is gá dóibh a chur chun feidhme agus ar gá dóibh tuairisciú orthu chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na spriocanna sin agus go bhfeidhmíonn siad níos fearr ná iad.

Is é cuspóir phróiseas Chuid 5 ná an dul chun cinn atá á dhéanamh ag comhlachtaí poiblí agus aon dúshlán a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an íos-sprioc reachtúil fostaíochta a bhaint amach bliain i ndiaidh bliana a ghabháil agus a chur i gcomparáid. Sa chomhthéacs sin, beimid ag déanamh comparáid idir feidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí maidir leis an íos-sprioc reachtúil fostaíochta de 4.5% a bhaint amach sa bhliain 2024 agus feidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí a bhain an íos-sprioc reachtúil fostaíochta 3% amach sa bhliain 2023.

- Sa bhliain 2024, tá áthas ar ÚNM a thabhairt dá aire gur mhéadaigh an céatadán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas go 5.4%. Ba í sin an chéad uair a bhí an céatadán sin níos mó ná 5%.
- Tháinig méadú ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas, agus é ag ardú ó 11,254 fhostaí sa bhliain 2023 (4.1%) go 15,403 fhostaí (5.4%) sa bhliain 2024. Is méadú 4,149 nduine é sin (+36.9%). Féach an rannán maidir leis **an bhfeabhas ar**

¹ Is é is comhlachtaí poiblí iomchuí ann ná na comhlachtaí poiblí sin a thuairiscíonn faoi Chuid 5. Is díolmhaithe ó thuairisciú faoi Chuid 5 atá roinnt comhlachtaí poiblí, mar shampla Óglaigh na hÉireann, codanna den Gharda Síochána, roinnt ollscoileanna amhail Coláiste na Tríonóide agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, etc., agus gairmeacha amhail oifigigh phríosúin.

fheidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí le haghaidh cúiseanna féideartha ar tharla an fhorbairt dhearfach sin a fháil.

- Tháinig méadú ar an líon comhlachtaí poiblí san earnáil phoiblí, ó 210 gcomhlacht phoiblí sa bhliain 2023 go 216 chomhlacht phoiblí sa bhliain 2024. Ag deireadh na bliana 2024, tháinig méadú 10,058 nduine ar an líon iomlán fostaithe san earnáil phoiblí (+3.7%), ó 273,747 bhfostaí sa bhliain 2023 go 283,805 fhostaí sa bhliain 2024.
- Sa bhliain 2024, chomhlíon 185 chomhlacht phoiblí (85.6%) an sprioc 4.5%, i gcomparáid le 191 chomhlacht phoiblí (91%) a chomhlíon an sprioc 3% sa bhliain 2023.
- Sa bhliain 2024, níor chomhlíon 31 chomhlacht phoiblí (14.4%) an sprioc 4.5%, i gcomparáid le 19 gcomhlacht phoiblí (9.0%) sa bhliain 2023 nár chomhlíon an sprioc 3%.
- Má táthar ag breithniú na bhfigiúirí sin i gcomhthéacs na sprice leasaithe 4.5%, b'amhlaidh sa bhliain 2024 a chomhlíon 185 chomhlacht phoiblí (85.6%) an sprioc sin, i gcomparáid le 160 chomhlacht phoiblí (76.2%) sa bhliain 2023.
- Sa bhliain 2024, chomhlíon 134 chomhlacht phoiblí (62.6%) an íos-sprioc 6% atá le teacht, i gcomparáid le 110 gcomhlacht phoiblí (52.4%) sa bhliain 2023.
- Ar an iomlán, d'fheidhmigh an earnáil phoiblí níos fearr ná an íos-sprioc reachtúil fostaíochta maidir le daoine a bhfuil míchumas orthu don cheathrú bliain déag as a chéile.

Tugann ÚNM na nithe seo a leanas dá aire freisin:

- Sa bhliain 2024, bhain ceithre cinn de na cúig chineál comhlachta phoiblí an íos-sprioc amach (Comhlachtaí Tráchtála, Ranna Rialtais, Rialtas Áitiúil, Comhlachtaí Neamhthráchtála, agus Comhlachtaí Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar fhoireann dóibh). Níor bhain cineál comhlachta phoiblí amháin (Comhlachtaí Neamhthráchtála) an sprioc amach. Is ionann é sin agus an patrún a tuairiscíodh sa bhliain 2023.

Sa tuarascáil seo, catagóirítear comhlachtaí poiblí ina gceithre mhéid dhifriúla freisin:

- 0-99 fostaí
- 100-999 fostaí
- 1000-4,999 fostaí
- 5,000 fostaí nó níos mó

Sa bhliain 2024, rinne trí cinn de na ceithre chatagóir méide an íos-sprioc 4.5% a chomhlíonadh nó a shárú. Níor bhain an chatagóir um chomhlachtaí poiblí a bhfuil 5,000 fostaí nó níos mó acu an íos-

sprioc 4.5% amach. Sa bhliain 2023, tuairiscíodh na torthaí céanna le haghaidh na gcatagóirí méide sin.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Is é FSS an comhlacht is mó san earnáil phoiblí. Sa bhliain 2024, tháinig laghdú 1,326 fhostaí ar an líon iomlán fostaithe in FSS, agus é ag ardú ó 105,769 bhfostaí sa bhliain 2023 go 104,443 fhostaí sa bhliain 2024.

Mar sin féin, luaigh FSS gur tháinig méadú 1,077 bhfostaí (+62.1%) ar an líon fostaithe, agus ar an gcéatadán d'fhostaithe, a thuairiscigh míchumas. Sa bhliain 2024, thuairiscigh FSS go raibh 2,812 fhostaí (2.7%) a bhfuil míchumas orthu aige, i gcomparáid le 1,735 fhostaí (1.6%) sa bhliain 2023. Is é sin an líon is airde fostaithe, agus an céatadán is airde d'fhostaithe, a bhfuil míchumas orthu a thuairiscigh FSS go dtí seo. Tugann ÚNM dá aire, áfach, nár bhain FSS an íos-sprioc reachtúil fostaíochta 4.5% amach sa bhliain 2024.

Ón mbliain 2020 i leith, tá ÚNM ag teacht le chéile ar bhonn ráithiúil le foireann ainmnithe in FSS atá freagrach as feabhas a chur ar fheidhmíocht an chomhlachta phoiblí sin faoi Chuid 5. Tá áthas ar ÚNM a thabhairt dá aire gur tháinig feabhas ar fheidhmíocht FSS sa bhliain 2024. Leanfaimid de chomhairle a thabhairt do FSS agus de chabhrú leis an gcomhlacht poiblí sin dul chun cinn comhsheasmhach a léiriú maidir lena oibleagáidí faoi Chuid 5 a chomhlíonadh.

Treochtaí i dtreo na híos-sprice reachtúla fostaíochta a bhaint amach don tréimhse 2007-2024

Idir na blianta 2007 agus 2013, tháinig laghdú bliain ar bhliain ar an líon iomlán fostaithe san earnáil phoiblí. Bhí luaineacht ann sa líon iomlán fostaithe a thuairiscigh míchumas thar an tréimhse chéanna. Tháinig méadú bliain ar bhliain ar an líon iomlán fostaithe san earnáil phoiblí ón mbliain 2014 i leith. Ag deireadh na bliana 2024, tháinig méadú 10,058 nduine ar an líon iomlán fostaithe sna comhlachtaí earnála poiblí (+3.7%), ó 273,747 bhfostaí sa bhliain 2023 go 283,805 fhostaí sa bhliain 2024.


Tháinig méadú ó bhliain go bliain ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2017 ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas. Dá ainneoin sin, tháinig laghdú ar an líon agus céatadán sin go 3.3% sa bhliain 2018 agus go 3.1% sa bhliain 2019.

Tháinig méadú sa bhliain 2020 an athuair ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas. Mar gheall ar an méadú foriomlán sa líon fostaithe san earnáil phoiblí, áfach, bhí an céatadán foriomlán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas cothrom le 3.1% go fóill. Sa bhliain 2021, mhéadaigh an céatadán foriomlán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas go 3.6%. Mhéadaigh sé sin go 4.1% sa bhliain 2022 agus d'fhan sé ag 4.1% sa bhliain 2023. Sa bhliain 2024, mhéadaigh an céatadán foriomlán

d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas go 5.4%. Ba í sin an chéad uair a bhí an céatadán sin níos mó ná 5%.

I bhFíor 1, léirítear an dul chun cinn a rinne an earnáil phoiblí ar an íos-sprioc reachtúil fostaíochta a bhaint amach idir an bhliain 2007², tráth a thosaigh ÚNM ag déanamh faireachán ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu, agus an bhliain 2024.

Fíor 1. Dul chun cinn comhlachtaí poiblí i dtreo na híos-sprice reachtúla fostaíochta



Feabhsú ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí

Tá roinnt tosca ann a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an bhfeabhsú suntasach sin ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí sa bhliain 2025:

- Chuir ÚNM in iúl do chomhlachtaí poiblí arís agus arís eile go mbeadh an íos-sprioc reachtúil fostaíochta ag méadú go 4.5% sa bhliain 2024 agus go 6% sa bhliain 2025. Thugamar comhairle dóibh freisin maidir leis na bearta is gá dóibh a chur chun feidhme chun na spriocanna sin a bhaint amach agus chun feidhmiú níos fearr ná iad. Mar a mhionsonraítear i **Rannán 3 den tuarascáil seo**, tá méadú tagtha ar an líon comhlachtaí poiblí atá ag cur roinnt de na bearta sin chun feidhme.
- Tá ÚNM ag déanamh idirchaidreamh go seasta le comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear FSS, a raibh deacrachtaí acu maidir leis an íos-sprioc reachtúil fostaíochta a bhaint amach, chun cabhrú leo a bhfeidhmíocht a fheabhsú. Sa tréimhse 2015-2016, fuair aon

² Ba í an Tuarascáil ar Chomhlíonadh don bhliain 2006 an chéad tuarascáil a tháirg ÚNM sa bhliain 2007. Ba í sin an chéad bhliain a bhí an córas faireacháin agus tuairiscithe nua i bhfeidhm. Ba chúram dúshlánach é forbairt a dhéanamh ar mhodhanna cruinne cuí le haghaidh na sonraí faoin líon daoine a bhfuil míchumas orthu atá fostaithe i gcomhlachtaí difriúla a ghabháil. Mar gheall ar dheacracht agus castacht an chúraim, bhí fadhbanna cáilíochta ag baint leis na sonraí don bhliain sin. Mar sin de, ní luaitear iad sa barraghráf.

chomhlacht déag phoiblí iarrataí alt 49 toisc nár bhain siad an íos-sprioc amach. Sna blianta 2023 agus 2024, ní bhfaighidh ach ceithre chomhlacht phoiblí iarrataí alt 49.

- I mí na Nollag 2023, leasaíomar na ceisteanna le haghaidh bhailiú sonraí Chuid 5 chun sonraí níos saibhre a fháil i gcomhréir le ceann amháin de na príomh-mholtaí a bhí sa tuarascáil uainn ar an [Athbhreithniú ar Chuid 5](#). I gcás tuarascáil Chuid 5 don bhliain 2024, leanamar de na ceisteanna a athbhreithniú agus a leasú. D'oibríomar i gcomhar le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OCGIO) freisin chun na ceisteanna a aistriú ó dhoiciméad Excel ina bhformáid inrochtana ar líne ar a dtugtar Forms.ie. Tugadh oiliúint agus tacaíocht leanúnach do chomhlachtaí poiblí maidir le conas an córas nua sin a úsáid. A bhuí leis na leasuithe sin ar phróiseas Chuid 5, cabhraíodh linn sonraí níos mine agus níos cruinne a fháil faoi na bearta atá siad ag déanamh chun feabhas a chur ar a gcomhlíonadh faoi Chuid 5, agus an próiseas bailithe sonraí agus an próiseas anailíse sonraí á chuíchóiriú ag an am céanna freisin.

Na príomhbhearta a rinne comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024 chun feabhas a chur ar an dóigh a gcomhlíonann siad Cuid 5

Is mar a leanas atá achoimre ar na príomhbhearta atá á ndéanamh ag comhlachtaí poiblí chun feabhas a chur ar an dóigh a gcomhlíonann siad Cuid 5:

- **An modh bailithe sonraí do thuairisceán Chuid 5:** Sa bhliain 2024, ba é an modh bailithe sonraí is coitianta ar thuairiscigh 163 chomhlacht phoiblí (75.5%) é ná áireamh foirne a sheoladh.
- **Earcú daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú:** Sa bhliain 2024, thuairiscigh 210 gcomhlacht phoiblí (97.2%) gurbh é an beart is coitianta a rinne siad chun earcú daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú ná socruithe réasúnacha a sholáthar i bpróisis earcaíochta.
- **Tacú le fostaithe a stádas míchumais a chur in iúl:** Sa bhliain 2024, ba é an beart is coitianta chun tacú le fostaithe a stádas míchumais a chur in iúl a thuairiscigh 181 chomhlacht phoiblí (83.8%) ná faisnéis a sholáthar do gach fostaí faoi na tacaí atá ar fáil.
- **Fostaithe a bhfuil míchumas orthu agus nach bhfuil míchumas orthu a choinneáil:** Sa bhliain 2024, chuir ÚNM ceist ar leith faoi dhaoine a bhfuil míchumas orthu a choinneáil. Sa bhliain 2024, thuairiscigh 213 chomhlacht phoiblí (98.6%) gurbh é an beart coinneála is coitianta a bhí acu ná a chinntiú go raibh socruithe réasúnacha i bhfeidhm sular fhill an fostaí ar an obair tar éis dó/di a bheith ar shaoire bhreiteachta.

- **Socruithe Réasúnacha:** Sa bhliain 2024, luaigh 100 comhlacht poiblí (46.5%) sna freagraí uathu go raibh beartas scríofa acu le haghaidh socruithe réasúnacha a sholáthar.

Sa bhliain 2024, ba é an socrú réasúnach is coitianta ar sholáthair 205 chomhlacht poiblí (94.9%) é ná na cúraimí oibre/na ról oibre de chuid fostaithe a choigeartú de réir riachtanais agus chumais an duine aonair.

Sa bhliain 2024, luaigh 57 gcinn (26.4%) de 216 chomhlacht poiblí sna freagraí uathu go raibh deacrachtaí acu socruithe réasúnacha a sholáthar. Luaigh ocht gcinn is fiche (49.1%) díobh sin gur le teicneolaíochtaí cúnta a shuiteáil a bhain na príomhdheacrachtaí.

- **Tacú le Bainisteoirí Líne:** Sa bhliain 2024, sholáthair 203 chomhlacht poiblí (94.0%) tacaíocht do bhainisteoirí líne chun cabhrú le fostaithe faoi mhíchumas socruithe réasúnacha a rochtain nó chun cineálacha eile cúnamh a thabhairt. Ba iad na bearta is coitianta ná rochtain ar acmhainní, amhail treoir maidir le fostaithe a bhainistiú, a sholáthar dóibh (195 chomhlacht poiblí, nó 90.3%).
- **Cláir Taithí Oibre do dhaoine faoi mhíchumas:** Sa bhliain 2024, thuairiscigh 25 chomhlacht poiblí (11.6%) gur ghlac siad páirt i gclár Willing Able Mentoring (WAM) AHEAD³ agus thuairiscigh cúig chomhlacht poiblí (2.3%) gur ghlac siad páirt i gclár oiliúna Foghlama Oibre an Oireachtais (OWL). Thuairiscigh dhá chomhlacht poiblí is tríocha (14.8%) freisin go raibh a gcláir inmheánacha taithí oibre féin acu, ar cuireadh daoine faoi mhíchumas ar áireamh iontu.
- **Idirchaidreamh a Dhéanamh le Coistí Faireacháin:** Thuairiscigh cúig chomhlacht poiblí is nócha (44.0%) go ndearna siad idirchaidreamh leis na Coistí Faireacháin ina máthair-Roinn sa bhliain 2024.

Den 121 chomhlacht poiblí (56.0%) nach ndearna idirchaidreamh lena gCoiste Faireacháin, luaigh 94 cinn (77.7%) nach ndearna siad amhlaidh toisc gur éirigh leo an íos-sprioc 4.5% a bhaint amach.
- **Tosca maolaitheacha:** Sa bhliain 2024, ba ann do 31 chomhlacht poiblí (14.4%) nár bhain an íos-sprioc reachtúil fostaíochta 4.5% amach. Ba í an phríomhchúis leis sin, dar le

³ Ghlac dhá chomhlacht poiblí páirt sa chlár AHEAD agus i gclár Foghlama Oibre an Oireachtais araon (i.e., an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha). Ghlac trí chomhlacht poiblí páirt i gclár AHEAD agus bhí clár inmheánach taithí oibre acu freisin (i.e., an Phríomh-Oifig Staidrimh, Fiontraíocht Éireann, agus Comhairle Contae Mhuineacháin).

comhlachtaí poiblí (20 comhlacht poiblí, 64.5%), ná méid bheag a n-eagraíochta.

- **Bearta chun na spriocanna atá le teacht isteach a bhaint amach:** Sa bhliain 2025, tiocfaidh méadú ar an íos-sprioc reachtúil go 6%. Sa bhliain 2024, fiafraíodh de 31 chomhlacht phoiblí (14.4%) nár bhain an sprioc 4.5% amach cé na bearta a chuirfeadh siad chun feidhme chun an sprioc 6% a bhaint amach. Thuairiscigh dhá cheann déag den 31 chomhlacht phoiblí (38.7%) go ndíreodh siad ar a bpróiseas earcaíochta a athbhreithniú agus a fheabhsú chun iad a dhéanamh níos cuimsithí agus/nó go seolfadh siad feachtas spriocdhírithe chun daoine a bhfuil míchumas orthu a earcú.
- **Bearta a fhorbairt sa bhliain 2024:** Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí a luaigh go raibh siad ag forbairt na mbeart thuas cá fhad a thógfadh sé chun iad a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ar an iomlán, thuairiscigh comhlachtaí poiblí go mbeadh formhór na mbeart sin curtha chun feidhme acu laistigh de 12 mhí. Mar sin féin, luaigh comhlachtaí poiblí go ndéanfaí bearta chun fostaithe a bhfuil míchumas orthu agus fostaithe nach bhfuil míchumas orthu a choinneáil a chur chun feidhme laistigh de thrí mhí agus go ndéanfaí tacaí do Bhainisteoirí Líne a chur chun feidhme laistigh de thréimhse idir trí mhí agus sé mhí.

Admhaíonn ÚNM an feabhas leantach ar fheidhmíocht na hearnála poiblí. Mar sin féin, leanaimid de chomhlachtaí poiblí a chur ar an eolas gur gá dóibh an íos-sprioc 6% a bhaint amach, nó feidhmiú níos fearr ná í, sa bhliain 2025 trí chultúir oibre atá Comhionann, Éagsúil agus Cuimsitheach a fhorbairt agus a fheabhsú, ar cultúir iad a dhíríonn ar earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú agus ar thacú le fostaithe a bhfuil míchumas orthu a bheith níos compordaí le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl.

Tá treoir nua á forbairt ag ÚNM chun cabhrú le comhlachtaí poiblí leanúint ar aghaidh ag feabhsú a modhanna bailithe sonraí le haghaidh phróiseas Chuid 5 sa bhliain 2025. Táimid ag fiosrú bealaí freisin chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí a fhaighimid ó chomhlachtaí poiblí agus chun a chur in iúl cá háit nach bhfuil roinnt sonraí iontaofa, bunaithe ar rátaí freagartha.

Mar sin féin, leanaimid ar aghaidh ag cur in iúl do Choistí Faireacháin agus do chomhlachtaí poiblí go bhfuil sé de fhreagracht orthu a chinntiú go gcuireann siad sonraí cruinne isteach le haghaidh phróiseas Chuid 5.

1 Réamhrá

1.1 An cúla reachtach

I gCuid 5 den Acht um Míchumas 2005, tugtar ról reachtúil don Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) i bhfaireachán a dhéanamh ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu san earnáil phoiblí. Mionsonraítear inti freisin na hoibleagáidí bliantúla tuairiscithe agus faireacháin atá ar chomhlachtaí poiblí agus ar Ranna Rialtais ó thaobh fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu de.

Mar achoimre, is iad seo na hoibleagáidí atá mionsonraithe san Acht:

- A mhéid is féidir, déanfaidh comhlachtaí poiblí gach beart réasúnach chun fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu acu a chur chun cinn agus chun tacú leis an bhfostú sin (alt 47.1a).
- Cinnteoidh comhlachtaí poiblí go mbainfidh siad aon spriocanna forordaithe comhlíonta amach, ach amháin i gcás go mbeidh dea-chúis ann le gan an méid sin a dhéanamh (alt 47.2).
- Bunóidh Airí Coiste Faireacháin ina Roinn féin (alt 48.1).
- Cuirfidh comhlachtaí poiblí tuarascáil bhliantúil ar chomhlíonadh faoi bhráid Choiste Faireacháin a Roinne faoin 31 Márta gach bliain (alt 48.2).
- Cuirfidh an Coiste Faireacháin tuarascáil bhliantúil faoi bhráid ÚNM faoin 30 Meitheamh gach bliain (alt 48.5d).
- I gcás go n-iarrfaidh Aire nó ÚNM tuilleadh faisnéise faoi chomhlíonadh, soláthróidh comhlacht poiblí an fhaisnéis sin laistigh de thréimhse trí mhí (alt 49.1)
- I gcás go mbeidh ÚNM den tuairim nach bhfuil comhlacht poiblí comhlíontach tar éis don chomhlacht mainneachtain comhlíonadh ar feadh dhá bhliain as a chéile, féadfaidh sé a iarraidh go ndéanfaidh an comhlacht poiblí 'bearta sonracha' chun comhlíonadh a bhaint amach.

1.2 An líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu a chomhaireamh

Luaitear in alt 48(2) den Acht um Míchumas 2005 nach mór do chomhlachtaí poiblí sonraí a bhailiú faoi fhostaithe, agus go háirithe fostaithe a bhfuil míchumas orthu, **ar bhonn bliantúil**.

"Faoi réir *fho-alt (7)*, déanfaidh comhlacht poiblí, tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, tuarascáil i scríbhinn a tharraingt suas maidir leis an dóigh ar chomhlíon sé an Chuid seo le linn **na bliana roimhe sin** agus cuirfidh sé an tuarascáil sin faoi bhráid an choiste faireacháin ábhartha".

Ní leagtar amach san Acht aon mhodhanna ar leith le haghaidh fostaithe a bhfuil míchumas orthu a chomhaireamh nó a shainaithint. Tá gach comhlacht poiblí freagrach as roghnú a dhéanamh ar mhodh cuí le haghaidh an líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu ina n-eagraíocht a chomhaireamh gach bliain.

Chuir ÚNM in iúl do chomhlachtaí poiblí gur cheart dóibh áireamh dá bhfostaithe uile a sheoladh. Beart tábhachtach maidir le fostaithe a bhfuil míchumas orthu a shainaithint is ea áireamh a dhéanamh ar gach fostaí, áit a dtugtar cuireadh do gach fostaí a chur in iúl cé acu atá nó nach bhfuil míchumas orthu. Tá sé sin difriúil le suirbhé míchumais a reáchtáil a d'fhéadfaí a mheas a bheith ina rud nach mbaineann ach amháin le fostaithe a bhfuil míchumas orthu, in ionad é a bheith bainteach le gach fostaí.

Léirítear sna tuairisceáin ó chomhlachtaí poiblí go bhfuil éagsúlacht leathan ann sna rátaí freagartha don áireamh i measc fostaithe. Tá sé dúshlánach timpeallacht a chruthú ina bhfuil fostaithe ar a gcompond a stádas míchumais a chur in iúl nó ina dtuigeann na fostaithe uile a thábhachtaí atá sé freagra a thabhairt ar shuirbhé foirne. Mar sin féin, chuir ÚNM in iúl do chomhlachtaí poiblí gur féidir gur fiú áireamh do na fostaithe uile a sheoladh chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le fostú daoine a bhfuil míchumas orthu. Is féidir áireamh a úsáid freisin chun tacú le níos mó fostaithe bheith ar a gcompond le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl.

Is eol do ÚNM go mbaineann roinnt comhlachtaí poiblí úsáid as modhanna eile bailithe sonraí, amhail seiceáil a dhéanamh ar thaifid acmhainní daonna de chuid ball foirne a chuaigh isteach sa chomhlacht nó a d'fhág an comhlacht, nó ar iarrataí ar shocruithe réasúnacha, chun sainaithint a dhéanamh gach bliain ar athruithe san idirthréimhse, agus bearta cuí cosanta sonraí i bhfeidhm acu.

Is cuma cén modh bailithe sonraí a úsáideann comhlacht poiblí, sonraítear sa reachtaíocht gur cheart faisnéis a thabhairt cothrom le dáta agus a chur faoi bhráid ÚNM ar bhonn bliantúil.

Beag beann ar an bpróiseas a úsáideann comhlachtaí poiblí chun a sonraí a bhailiú, cuireann UNM in iúl gurb amhlaidh, i gcomhréir leis **an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018**, is gá do chomhlachtaí poiblí a bhfostaithe uile a chur ar an eolas gur gan ainm atá na sonraí atá á mbailiú agus a mhíniú do na fostaithe uile cén fáth a bhfuil a sonraí á mbailiú. Ba cheart fostaithe a chur ar an eolas freisin go mbíonn a sonraí á stóráil go sábháilte.

1.3 Modhanna Bailithe Sonraí

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí an ndearna nó nach ndearna siad áireamh a bhí gan ainm agus ag comhlíonadh RGCS ar na fostaithe uile ina n-eagraíocht ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Tá áthas ar ÚNM a thabhairt dá aire gurb amhlaidh sa bhliain 2024, ar aon dul leis an gcomhairle chomhsheasmhach uainn, a rinne 163 chomhlacht poiblí (75.5%) áireamh foirne, i gcomparáid le 156 chomhlacht poiblí (74.3%) sa bhliain 2023.

Is eol do ÚNM nach mbaineann gach comhlacht poiblí úsáid as áirimh foirne chun sonraí a bhailiú. Chomh maith leis sin, cuireadh ceisteanna ar chomhlachtaí poiblí faoi mhodhanna eile bailithe sonraí ar bhain siad úsáid astu ina n-ionad sin.

Mionsonraítear i dTábla 1 na modhanna bailithe sonraí ar thuairiscigh comhlachtaí poiblí go raibh siad i bhfeidhm acu sna blianta 2023 agus 2024.

Tábla 1. Modhanna eile bailithe sonraí ar bhain comhlachtaí poiblí úsáid astu sna blianta 2023 agus 2024

	An líon iomlán comhlachtaí poiblí sa bhliain 2023 = 210		An líon iomlán comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024 = 216	
	An líon comhlachtaí poiblí sa bhliain 2023	An céatadán de chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2023	An líon comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024	An céatadán de chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2024
Suirbhé d'fhostaithe nua	39	18.6%	34	15.7%
Seiceáladh taifid Acmhainní Daonna	43	20.5%	28	13.0%
Seiceáladh taifid Sláinte Ceirde	22	10.5%	21	9.7%
Suirbhé ar féidir stádas míchumais a athrú ann	15	7.1%	15	6.9%
Eile	7	3.3%	15	6.9%
Seiceáladh taifid um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	12	5.7%	8	3.7%

Sa bhliain 2024, luaigh 15 cinn (6.9%) de 216 chomhlacht poiblí gur bhain siad úsáid as modhanna eile bailithe sonraí. Luaigh seacht gcinn (46.7%) de na 15 chomhlacht poiblí sin gur chomhcheangail siad sonraí ó áirimh roimhe le sonraí ó thaifid acmhainní daonna.

Sa bhliain 2023, b'amhlaidh, de na 15 chomhlacht poiblí a luaigh gur bhailigh siad sonraí ar bhealaí eile, a thuairiscigh seacht gcinn (3.3%) go ndearna siad áirimh na mblianta roimhe a athrú chun dáta trí chineálacha

éagsúla cur chuige a ghlacadh, féin-nochtadh fostaithe a úsáid, agus iarraidh ar fhostaithe foirmeacha míchumais a sheoladh chuig an Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas de chuid na heagraíochta.

1.4 Feabhas a chur ar an bpróiseas bailithe sonraí le haghaidh Chuid 5

Leanfaidh ÚNM de chur chun feidhme a dhéanamh ar na hathruithe ar phróiseas Chuid 5 chun cabhrú le comhlachtaí poiblí feabhas a chur ar a bpróisis bailithe sonraí i dtaca leis an gcéanna. Áireofar na nithe seo le roinnt de na príomhathruithe sin:

- Treoir nua a fhorbairt chun cabhrú le comhlachtaí poiblí leanúint ar aghaidh ag feabhsú a modhanna bailithe sonraí le haghaidh phróiseas Chuid 5 sa bhliain 2025.
- Bealaí a fhiosrú chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí ó chomhlachtaí poiblí agus chun a chur in iúl cá háit nach bhfuil roinnt sonraí iontaofa, bunaithe ar rátaí freagartha.
- Leanúint d'obair i gcomhar le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais chun an próiseas bailithe agus fóraithe sonraí a chuíchóiriú ar bhealach a n-uasmhéadóidh rannpháirtíocht do chomhlachtaí poiblí agus a n-éascóidh anailís níos cuimsithí le haghaidh Chuid 5.

Mar sin féin, leanaimid ar aghaidh ag cur in iúl do Choistí Faireacháin agus do chomhlachtaí poiblí go bhfuil sé de fhreagracht orthu a chinntiú go gcuireann siad sonraí cruinne isteach le haghaidh phróiseas Chuid 5.

2. Na Príomhfhionnachtana don bhliain 2024

2.1 Na Príomhfhionnachtana don bhliain 2024

Sa bhliain 2024, tháinig méadú ar an íos-sprioc reachtúil fostaíochta ó 3% go 4.5%. Sa bhliain 2025, tiocfaidh méadú ar an sprioc sin go 6%.

Cuireann ÚNM comhlachtaí poiblí ar an eolas arís agus arís eile faoi na méaduithe sin sa sprioc reachtúil fostaíochta agus faoi na bearta is gá dóibh a chur chun feidhme agus ar gá dóibh tuairisciú orthu chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na spriocanna sin agus go bhfeidhmíonn siad níos fearr ná iad.

Is é cuspóir phróiseas Chuid 5 ná an dul chun cinn atá á dhéanamh ag comhlachtaí poiblí agus aon dúshlán a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an íos-sprioc reachtúil fostaíochta a bhaint amach bliain i ndiaidh bliana a ghabháil agus a chur i gcomparáid. Sa chomhthéacs sin, beimid ag déanamh comparáid idir feidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí maidir leis an íos-sprioc reachtúil fostaíochta de 4.5% a bhaint amach sa bhliain 2024 agus feidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí a bhain an íos-sprioc reachtúil fostaíochta 3% amach sa bhliain 2023.

Sa bhliain 2024, tá áthas ar ÚNM a thabhairt dá aire gur mhéadaigh an céatadán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas go 5.4%. Ba í sin an chéad uair a bhí an céatadán sin níos mó ná 5%.

- Tháinig méadú ar an líon fostaíthe a thuairiscigh míchumas, agus é ag ardú ó 11,254 fhostaí sa bhliain 2023 (4.1%) go 15,403 fhostaí (5.4%) sa bhliain 2024. Is méadú 4,149 nduine é sin (+36.9%). Féach an rannán maidir leis **an bhfeabhas ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí** le haghaidh cúiseanna féideartha ar tharla an fhorbairt dhearfach sin a fháil.
- Tháinig méadú ar an líon comhlachtaí poiblí san earnáil phoiblí, ó 210 gcomhlacht phoiblí sa bhliain 2023 go 216 chomhlacht phoiblí sa bhliain 2024. Ag deireadh na bliana 2024, tháinig méadú 10,058 nduine ar an líon iomlán fostaíthe sna comhlachtaí earnála poiblí (+3.7%), ó 273,747 bhfostaí sa bhliain 2023 go 283,805 fhostaí sa bhliain 2024.
- Sa bhliain 2024, chomhlíon 185 chomhlacht phoiblí (85.6%) an sprioc 4.5%, i gcomparáid le 191 chomhlacht phoiblí (91%) a chomhlíon an sprioc 3% sa bhliain 2023.
- Sa bhliain 2024, níor chomhlíon 31 chomhlacht phoiblí (14.4%) an sprioc 4.5%, i gcomparáid le 19 gcomhlacht phoiblí (9.0%) sa bhliain 2023 nár chomhlíon an sprioc 3%.
- Má táthar ag breithniú na bhfigiúirí sin i gcomhthéacs na sprice leasaithe 4.5%, b'amhlaidh sa bhliain 2024 a chomhlíon 185

chomhlacht phoiblí (85.6%) an sprioc sin, i gcomparáid le 160 comhlacht poiblí (76.2%) sa bhliain 2023.

- Sa bhliain 2024, chomhlíon 134 chomhlacht phoiblí (62.6%) an íos-sprioc 6% atá le teacht, i gcomparáid le 110 gcomhlacht phoiblí (52.4%) sa bhliain 2023.
- Ar an iomlán, d'fheidhmigh an earnáil phoiblí níos fearr ná an íos-sprioc reachtúil fostaíochta maidir le daoine a bhfuil míchumas orthu don cheathrú bliain déag as a chéile.

Treochtaí i dtreo na híos-sprice reachtúla fostaíochta a bhaint amach don tréimhse 2007-2024

Idir na blianta 2007 agus 2013, tháinig laghdú bliain ar bhliain ar an líon iomlán fostaíthe san earnáil phoiblí. Bhí luaineacht ann sa líon iomlán fostaíthe a thuairiscigh míchumas thar an tréimhse chéanna. Tháinig méadú bliain ar bhliain ar an líon iomlán fostaíthe san earnáil phoiblí ón mbliain 2014 i leith. Ag deireadh na bliana 2024, tháinig méadú 10,058 nduine ar an líon iomlán fostaíthe sna comhlachtaí earnála poiblí (+3.7%), ó 273,747 bhfostaí sa bhliain 2023 go 283,805 fhostaí sa bhliain 2024.

Ag deireadh na bliana 2024, b'ionann an líon iomlán fostaíthe sna comhlachtaí iomchuí earnála poiblí agus 283,805 fhostaí, i gcomparáid le 273,747 bhfostaí sa bhliain 2023 (+10,058 bhfostaí, +3.7%).

Tháinig méadú ó bhliain go bliain ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2017 ar an líon fostaíthe a thuairiscigh míchumas. Dá ainneoin sin, tháinig laghdú ar an líon agus céatadán sin go 3.3% sa bhliain 2018 agus go 3.1% sa bhliain 2019.


Tháinig méadú sa bhliain 2020 an athuair ar an líon fostaíthe a thuairiscigh míchumas. Mar gheall ar an méadú foriomlán sa líon fostaíthe san earnáil phoiblí, áfach, bhí an céatadán foriomlán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas cothrom le 3.1% go fóill. Sa bhliain 2021, mhéadaigh an céatadán foriomlán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas go 3.6%. Mhéadaigh sé sin go 4.1% sa bhliain 2022 agus d'fhan sé ag 4.1% sa bhliain 2023. Sa bhliain 2024, mhéadaigh an céatadán foriomlán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas go 5.4%. Ba í sin an chéad uair a bhí an céatadán sin níos mó ná 5%.

I bh**Fíor 2**, léirítear an dul chun cinn a rinne an earnáil phoiblí ar an íos-sprioc reachtúil fostaíochta a bhaint amach idir an bhliain 2007⁴, tráth a

⁴ Ba í an Tuarascáil ar Chomhlíonadh don bhliain 2006 an chéad tuarascáil a tháirg ÚNM sa bhliain 2007. Ba í sin an chéad bhliain a bhí an córas faireacháin agus tuairiscithe nua i bhfeidhm. Ba chúram dúshlánach é forbairt a dhéanamh ar mhodhanna cruinne cuí le haghaidh na sonraí faoin líon daoine a bhfuil míchumas orthu atá fostaíthe i gcomhlachtaí difriúla a ghabháil. Mar gheall ar dheacracht agus castacht an chúraim, bhí

thosaigh ÚNM ag déanamh faireachán ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu, agus an bhliain 2024.

Fíor 2: Treochtaí i dtreo na híos-sprice reachtúla, 2007-2024



Feabhsú ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí

Tá áthas ar ÚNM a thabhairt dá aire gur mó an líon fostaithe, agus an céatadán d'fhostaithe, a thuairiscigh míchumas ná an íos-spríoc reachtúil fostaíochta 4.5% sa bhliain 2024. Tá roinnt tosca ann a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an méadú suntasach sin:

- Chuir ÚNM in iúl do chomhlachtaí poiblí arís agus arís eile go mbeadh an íos-spríoc reachtúil fostaíochta ag méadú go 4.5% sa bhliain 2024 agus go 6% sa bhliain 2025. Thugamar comhairle dóibh freisin maidir leis na bearta is gá dóibh a chur chun feidhme chun na spriocanna sin a bhaint amach agus chun feidhmiú níos fearr ná iad. Mar a mhionsonraítear i **Rannán 3 den tuarascáil seo**, tá méadú tagtha ar an líon comhlachtaí poiblí atá ag cur roinnt de na bearta sin chun feidhme.
- Tá ÚNM ag déanamh idirchaidreamh go seasta le comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear FSS, a raibh deacrachtaí acu maidir leis an íos-spríoc reachtúil fostaíochta a bhaint amach, chun cabhrú leo a bhfeidhmíocht a fheabhsú. Sa tréimhse 2015-2016, fuair aon chomhlacht déag poiblí iarrataí alt 49 toisc nár bhain siad an íos-spríoc amach. Sna blianta 2023 agus 2024, ní bhfaighidh ach ceithre chomhlacht poiblí iarrataí alt 49.
- I mí na Nollag 2023, leasaíomar na ceisteanna le haghaidh bhailiú sonraí Chuid 5 chun sonraí níos saibhre a fháil i gcomhréir le ceann amháin de na príomh-mholtaí a bhí sa tuarascáil uainn

fadhbanna cáilíochta ag baint leis na sonraí don bhliain sin. Mar sin de, ní luaitear iad sa barraghráf.

ar an [Athbhreithniú ar Chuid 5](#). I gcás thuarascáil Chuid 5 don bhliain 2024, leanamar de na ceisteanna a athbhreithniú agus a leasú. D'oibríomar i gcomhar le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OCGIO) freisin chun na ceisteanna a aistriú ó dhoiciméad Excel ina bhformáid inrochtana ar líne ar a dtugtar Forms.ie. Tugadh oiliúint agus tacaíocht leanúnach do chomhlachtaí poiblí maidir le conas an córas nua sin a úsáid. A bhuí leis na leasuithe sin ar phróiseas Chuid 5, cabhraíodh linn sonraí níos mine agus níos cruinne a fháil faoi na bearta atá siad ag déanamh chun feabhas a chur ar a gcomhlíonadh faoi Chuid 5, agus an próiseas bailithe sonraí agus an próiseas anailíse sonraí á chuíchóiriú ag an am céanna freisin.

Admhaíonn ÚNM an feabhas leantach ar fheidhmíocht na hearnála poiblí. Mar sin féin, leanaimid de chomhlachtaí poiblí a chur ar an eolas gur gá dóibh an íos-sprioc 6% a bhaint amach, nó feidhmiú níos fearr ná í, sa bhliain 2025 trí chultúir oibre atá Comhionann, Éagsúil agus Cuimsitheach a fhorbairt agus a fheabhsú, ar cultúir iad a dhíríonn ar earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú agus ar thacú le fostaithe a bhfuil míchumas orthu a bheith níos compordaí le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl.

Tá treoir nua á forbairt ag ÚNM chun cabhrú le comhlachtaí poiblí leanúint ar aghaidh ag feabhsú a modhanna bailithe sonraí le haghaidh phróiseas Chuid 5 sa bhliain 2025. Mar sin féin, leanaimid ar aghaidh ag cur in iúl do Choistí Faireacháin agus do chomhlachtaí poiblí go bhfuil sé de fhreagracht orthu a chinntiú go gcuireann siad sonraí cruinne isteach le haghaidh phróiseas Chuid 5.

2.2 Anailís de réir an chineáil comhlachta earnála poiblí

Rinne na cúig chineál comhlachta phoiblí sonraí na bliana 2024 a anailísiú:

- Comhlachtaí Tráchtála
- Ranna Rialtais
- Comhlachtaí Rialtais Áitiúil
- Comhlachtaí Neamhthráchtála
- Comhlachtaí Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann dóibh

Comhlachtaí Tráchtála

Áirítear cuideachtaí iompair agus fuinnimh an Stáit leis an earnáil Comhlachtaí Tráchtála. Sa bhliain 2024, bhí Comhlachtaí Tráchtála freagrach as 15.7% d'fhórsa saothair na hearnála poiblí. Tháinig méadú 2,027 bhfostaí (+4.8%) ar an líon foriomlán fostaithe i gComhlachtaí Tráchtála idir na blianta 2023 agus 2024, agus é ag ardú go 44,632 fhostaí, agus tháinig méadú 677 bhfostaí (+32.5%) ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas, agus é ag ardú go 2,758 bhfostaí. Mhéadaigh an céatadán d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu i gComhlachtaí Tráchtála ó

4.9% sa bhliain 2023 go 6.2% sa bhliain 2024. San iomlán, bhain 88.5% de na comhlachtaí sa chatagóir sin an sprioc amach sa bhliain 2024, i gcomparáid le 92.3% sa bhliain 2023.

Ranna Rialtais

Sa bhliain 2024, bhí fostaithe de chuid Ranna Rialtais freagrach as 9.8% d'fhórsa saothair na hearnála poiblí. Tháinig méadú 1,568 bhfostaí (+6.0%) ar an líon iomlán fostaithe i Ranna Rialtais, agus é ag ardú ó 26,326 fhostaí sa bhliain 2023 go 27,894 fhostaí sa bhliain 2024.

Tháinig méadú 947 bhfostaí (+53.1%) ar an líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu idir na blianta 2023 agus 2024, agus é ag ardú go 2,730 fostaí. Mhéadaigh an céatadán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas go 9.8% sa bhliain 2024, i gcomparáid le 6.8% sa bhliain 2023.

D'fheidhmigh na Ranna Rialtais uile níos fearr ná an íos-sprioc reachtúil fostaíochta 4.5% don bhliain 2024 – ba í sin an tríú bliain déag as a chéile inar fheidhmigh na Ranna uile níos fearr ná an sprioc reatha.

Rialtas Áitiúil

Áirítear comhairlí cathrach agus contae agus comhlachtaí eile údaráis áitiúil leis an earnáil Rialtais Áitiúil. Sa bhliain 2024, bhí an earnáil seo freagrach as 12.5% d'fhórsa saothair na hearnála poiblí. Tháinig méadú 725 fhostaí (+2.1%) ar an líon foriomlán fostaithe idir na blianta 2024 agus 2023, agus é ag ardú go 35,466 fhostaí. Tháinig méadú 236 dhuine (13.3%) ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas, agus é ag ardú ó 1,777 bhfostaí go 2,013 fhostaí sa bhliain 2024. Mhéadaigh an céatadán d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu ar fud na catagóire Rialtais Áitiúil ina hiomláine ó 5.1% sa bhliain 2023 go 5.7% sa bhliain 2024. San iomlán, bhain 77.1% de chomhlachtaí poiblí sa chatagóir seo an íos-sprioc amach, i gcomparáid le 97.1% sa bhliain 2023.

Comhlachtaí Neamhthráchtála

Is í seo an earnáil is mó sa tseirbhís phoiblí toisc go gcuimsíonn sí FSS, atá ar an bhfostóir is mó san earnáil phoiblí. Sa bhliain 2024, bhí an earnáil seo freagrach as beagán níos mó ná leath fhórsa saothair na hearnála poiblí (54.1%), i gcomparáid le 55.6% de sa bhliain 2023. Tháinig méadú 1,311 fhostaí (+0.9%) ar an líon fostaithe san earnáil seo idir na blianta 2023 agus 2024, agus é ag ardú go 153,405 fhostaí. Tháinig méadú 1,722 fhostaí (+39.5%) ar an líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu, agus é ag ardú go 6,079 bhfostaí. Bhí méadú beag ann sa chéatadán d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu san earnáil seo, agus é ag ardú ó 2.9% sa bhliain 2023 go 4.0% sa bhliain 2024. San iomlán, bhain 83.7% de Chomhlachtaí Neamhthráchtála an sprioc amach sa bhliain 2024, ar laghdú é i gcomparáid le 90.1% sa bhliain 2023.

Sa bhliain 2024, bhí an chatagóir seo comhlachtaí poiblí ag déileáil leis an athrú seo a leanas:

- Bunaíodh an Rialálaí Agraibhia, comhlacht poiblí Neamhthráchtála nua.

Comhlachtaí Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann dóibh

Áirítear leis an earnáil seo comhlachtaí a bhfuil a bhfostaithe aicmithe mar státseirbhísigh, amhail na Coimisinéirí Ioncaim, an Phríomh-Oifig Staidrimh, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Sa bhliain 2024, bhí gníomhaireachtaí den sórt sin freagrach as 7.9% d'fhórsa saothair na hearnála poiblí. Idir an bhliain 2023 agus an bhliain 2024, tháinig méadú 4,427 bhfostaí (+24.6%) ar an líon fostaithe san earnáil seo, agus é ag ardú go 22,408 bhfostaí. Tháinig méadú 567 bhfostaí (+45.1%) ar an líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu, agus é ag ardú go 1,823 fhostaí. Bhí méadú beag ann sa chéatadán d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu, agus é ag ardú ó 7.0% sa bhliain 2023 go 8.1% sa bhliain 2024. San iomlán, bhain 88.6% de na comhlachtaí poiblí san earnáil seo an sprioc sin amach, ar méadú é i gcomparáid le 82.1% sa bhliain 2023.

Sa bhliain 2024, bunaíodh trí chomhlacht phoiblí nua a bhfuil státseirbhísigh mar fhoireann dóibh:

- Cuan
- An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí
- Oifig an Stiúrthóra um Idirghabháil Údaraithe

Faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú), 2022, tugadh baill foirne is sibhialtaigh de chuid an Gharda Síochána ar ais laistigh de théarmaí Chuid 5. Sa bhliain 2024, chuir an Garda Síochána (Fostaithe is Sibhialtaigh) tuairisceán Chuid 5 isteach.

Chuir an Coiste Faireacháin don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe in iúl dúinn go mbeadh an Bord Parúil ag tosú ar thuairisceán Chuid 5 a dhéanamh ón mbliain 2024 ar aghaidh.

Achoimre ar an anailís de réir chineál an chomhlachta phoiblí

Cuirtear achoimre ar an anailís de réir chineál an chomhlachta phoiblí i láthair i dTábla 2.

Tábla 2. Sonraí de réir chineál an chomhlachta poiblí, 2023 agus 2024

An cineál comhlachta earnála poiblí	An líon iomlán fostaithe	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'iomlán an fhórsa saothair ar tuairiscíodh air faoi Chuid 5	An % de chomhlachtaí a bhain an sprioc amach	An líon comhlachtaí poiblí
Comhlacht Tráchtála 2024	44,632	2,758	6.2%	15.7%	88.5%	26
Comhlacht Tráchtála 2023	42,605	2,081	4.9%	15.6%	92.3%	26
Athrú 2023/2024	+2,027	+677	+1.3	-0.1	-3.8	0
Roinn Rialtais 2024	27,894	2,730	9.8%	9.8%	100.0%	19
Roinn Rialtais 2023	26,326	1,783	6.8%	9.6%	100.0%	19
Athrú 2023/2024	+1,568	+947	+3.0	+0.2	0	0
Rialtas Áitiúil 2024	35,466	2,013	5.7%	12.5%	77.1%	35
Rialtas Áitiúil 2023	34,741	1,777	5.1%	12.7%	97.1%	35
Athrú 2023/2024	+725	+236	+0.6%	-0.2	-20	0
Comhlacht Neamhthráchtála 2024	153,405	6,079	4.0%	54.1%	83.7%	92
Comhlacht Neamhthráchtála 2023	152,094	4,357	2.9%	55.6%	90.1%	91
Athrú 2023/2024	+1,311	+1,722	+1.1	-1.5	-6.4	+1
Comhlachtaí Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann dóibh 2024	22,408	1,823	8.1%	7.9%	88.6%	44
Comhlachtaí Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann dóibh 2023	17,981	1,256	7.0%	6.6%	82.1%	39
Athrú 2023/2024	+4,427	+567	+1.1	+1.3	+6.5	+5
Iomláin 2024	283,805	15,403	5.4%	100.0%	85.6%	216
Iomláin 2023	273,747	11,254	4.1%	100.0%	91.0%	210

Athrú 2023/2024	+10,058	+4,149	+1.3	0	-5.4	+6
----------------------------	----------------	---------------	-------------	----------	-------------	-----------

2.3 Anailís de réir mhéid an chomhlachta earnála poiblí

Comhlachtaí poiblí a bhfuil níos lú ná 100 ball foirne acu

Sa bhliain 2024, ba ann do 63 chomhlacht san earnáil phoiblí a raibh níos lú ná 100 fostaí acu, a d'fhostaigh 0.9% d'iomlán an fhórsa saothair (féach Tábla 3). Fostaíonn na comhlachtaí poiblí sin 2,592 dhuine agus thuairiscigh 244 fhostaí (9.5%) de na fostaíthe sin go raibh míchumas orthu. Ba mhó an líon sin ná an íos-sprioc don bhliain 2024. D'iomlán na ndaoine san fhórsa saothair a thuairiscigh míchumas, fostaíodh 1.6% i gcomhlachtaí poiblí den mhéid sin. Áirítear leis an gcatagóir seo comhlachtaí poiblí atá an-bheag ó thaobh méide de agus a fhostaíonn idir ceathrar agus fiche duine.

Admhaíonn ÚNM gurb amhlaidh, i gcás gur comhlacht an-bheag a bhfuil níos lú ná 50 ball foirne aige é comhlacht poiblí, go ndéanann méid an chomhlachta difear dá chumas an íos-sprioc a chomhlíonadh. Tá imeacht ball foirne amháin a bhfuil míchumas air/uirthi trí scor, trí shos gairme nó trí scéim iomarcaíochta deonaí ar cheann de na príomhthosca a theip ar chomhlachtaí poiblí beaga an íos-sprioc a bhaint amach. I gcás comhlachtaí den mhéid sin, is ionann ball foirne amháin sa bhreis a chailleadh (nó a fhostú) agus an difríocht idir an íos-sprioc reachtúil fostaíochta a chomhlíonadh agus gan í a chomhlíonadh.

I gcomhlachtaí poiblí den mhéid bheag sin, tá seans ann freisin nach mbeidh fostaíthe a bhfuil míchumas orthu ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl agus is féidir leis sin difear a dhéanamh freisin do chumas na gcomhlachtaí poiblí sin an dóigh a gcomhlíonann siad na hoibleagáidí atá orthu faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 a thuairisciú go cruinn.

Comhlachtaí poiblí a bhfuil idir 100 ball foirne agus 999 mball foirne acu

Bhí ag an gcatagóir méide seo an líon ab airde comhlachtaí poiblí (107 gcinn), a d'fhostaigh 14.8% d'iomlán an fhórsa saothair sa bhliain 2024. San iomlán, fostaíodh 42,082 dhuine san iomlán sa chatagóir seo, ar thuairiscigh 3,103 dhuine díobh (7.4%) míchumas. Ba mhó an líon sin ná an íos-sprioc don bhliain 2024. D'iomlán na ndaoine san fhórsa saothair a thuairiscigh míchumas, fostaíodh 20.1% i gcomhlachtaí poiblí den mhéid sin.

Comhlachtaí poiblí a bhfuil idir 1,000 ball foirne agus 4,999 mball foirne acu

Sa bhliain 2024, ba ann do 38 gcomhlacht phoiblí a raibh idir 1,000 fostaí agus 4,999 bhfostaí acu, a d'fhostaigh 30.4% d'iomlán an fhórsa saothair. D'fhostaigh an cohórt seo 86,145 fhostaí, ar thuairiscigh 5,782 fhostaí

díobh (6.7%) míchumas. Ba mhó é sin ná an íos-sprioc don bhliain 2024. D'iomlán na ndaoine san fhórsa saothair a thuairiscigh míchumas, fostaíodh 37.5% i gcomhlachtaí poiblí den mhéid sin.

Comhlachtaí poiblí a bhfuil níos mó ná 5,000 ball foirne acu

Sa bhliain 2024, bhí ag an gcatagóir méide seo an líon ba lú comhlachtaí poiblí (8 gcinn) agus d'fhostaigh sí 53.9% d'iomlán an fhórsa saothair. Fostaíodh inti 152,996 dhuine, ar thuairiscigh 6,274 dhuine díobh (4.1%) míchumas. Mar sin de, níor bhain an chatagóir seo an íos-sprioc amach don bhliain 2024. D'iomlán na ndaoine san fhórsa saothair a thuairiscigh míchumas, fostaíodh 40.7% sna comhlachtaí poiblí móra sin.

Achoimre ar an anailís de réir mhéid an chomhlachta phoiblí

Mionsonraítear an achoimre ar an anailís de réir mhéid an chomhlachta phoiblí i dTábla 3.

Tábla 3. Sonraí de réir mhéid an chomhlachta phoiblí 2024

An líon fostaithe	An líon comhlachtaí poiblí	An líon iomlán fostaithe	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'iomlán fhórsa saothair na hearnála poiblí	An % d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu mar chéatadán de na fostaithe uile a bhfuil míchumas orthu
1-99	63	2,582	244	9.5%	0.9%	1.6%
100-999	107	42,082	3,103	7.4%	14.8%	20.1%
1,000-4,999	38	86,145	5,782	6.7%	30.4%	37.5%
5,000+	8	152,996	6,274	4.1%	53.9%	40.7%
Iomlán 2024	216	283,805	15,403	5.4%	100%	100%

2.4 Athruithe i méid na gcomhlachtaí poiblí

Is féidir leis an líon iomlán fostaithe i gcomhlachtaí poiblí agus/nó leis an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas athrú ó bhliain go bliain ina lán cásanna. Bhí spéis ag ÚNM sa chúis ar tháinig méaduithe/laghduithe bliain i ndiaidh bliana ar an líon iomlán fostaithe agus ar an líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu i gcomhlachtaí poiblí a bhfuil níos mó ná 100 fostaí acu. Sna blianta 2023 agus 2024, chuireamar na ceisteanna seo a leanas:

- Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí a bhfuil idir 100 fostaí agus 999 bhfostaí acu ar tháinig méadú 10% nó níos mó nó laghdú 10% nó níos mó ar a líon iomlán fostaithe, nó ar a líon iomlán fostaithe a bhfuil míchumas orthu, ón mbliain 2023 i leith nó nár tháinig.

- Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí a bhfuil níos mó ná 1,000 fostaí acu ar tháinig méadú 5% nó níos mó nó laghdú 5% nó níos mó ar a líon iomlán fostaithe, nó ar a líon iomlán fostaithe a bhfuil míchumas orthu, ón mbliain 2023 i leith nó nár tháinig.

Comhlachtaí poiblí a bhfuil idir 100 fostaí agus 999 bhfostaí acu

Sa bhliain 2024, bhí idir 100 fostaí agus 999 bhfostaí ag 107 gcomhlacht poiblí (49.5%). Tá sé sin cosúil le figiúr na bliana 2023, ab ionann agus 104 chomhlacht poiblí (49.5%).

Sna blianta 2023 agus 2024, b'amhlaidh, i gcás roinnt de na comhlachtaí sin, a tháinig na hathruithe seo a leanas ar a líon iomlán fostaithe agus ar a líon iomlán fostaithe a bhfuil míchumas orthu:

- Sa bhliain 2024, b'amhlaidh, i gcás 35 cinn de na comhlachtaí poiblí sin (32.7%), i gcomparáid le 29 gcomhlacht poiblí (27.9%) sa bhliain 2023, **a tháinig méadú 10% nó níos mó ar a líon iomlán fostaithe** ón mbliain 2023 i leith. Ba iad na príomhchúiseanna leis na méaduithe sin ná earcaíocht leanúnach, líonadh folúntas, agus méadú san infheistíocht agus sna ceaduithe le haghaidh poist nua. Ba iad sin na cúiseanna céanna ar thuairiscigh an cohórt seo comhlachtaí poiblí iad sa bhliain 2023.
- Sa bhliain 2024, thuairiscigh 55 cinn de na comhlachtaí poiblí sin (51.4%) gur tháinig **méadú 10% nó níos mó ar a líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu**, i gcomparáid le 39 gcomhlacht poiblí (37.5%) sa bhliain 2023. Sna blianta 2023 agus 2024, thuairiscigh comhlachtaí poiblí gur nithe a rannchuidigh leis na méaduithe sin iad feachtais earcaíochta, fostaithe nua a bheith ag cur a stádaí míchumais in iúl, comhlachtaí poiblí a bheith ag méadú feachtas fostaithe ar mhíchumas, agus tacaí d'fhostaithe. Toisc eile a rannchuidigh leis an méadú ar an líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu ba ea gur chuir comhlachtaí poiblí in iúl dá bhfostaithe go raibh an t-áireamh gan ainm.
- Cosúil leis an mbliain 2023, b'amhlaidh, i gcás dhá cheann de na comhlachtaí poiblí sin (1.9%), **a tháinig laghdú 10% nó níos mó ar a líon fostaithe** sa bhliain 2024. Sna blianta 2023 agus 2024, ba é athstruchtúrú eagraíochtúil an phríomhchúis ar thuairiscigh na comhlachtaí poiblí sin laghdú sa líon iomlán fostaithe. Sa bhliain 2024, thuairiscigh comhlachtaí poiblí gur chúis eile le laghdú sa líon iomlán fostaithe é fostaithe a bheith ag fágáil na heagraíochta.
- I gcás seacht gcinn de na comhlachtaí poiblí sin (6.5%), tháinig **laghdú 10% nó níos mó ar a líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu** ón áireamh deireanach i leith, i gcomparáid le sé chomhlacht poiblí (5.8%) sa bhliain 2023. Cosúil leis an

mbliain 2023, b'amhlaidh sa bhliain 2024 a chuir cúig cinn as gach seacht gcomhlacht poiblí na laghduithe sin síos do bhail foirne a bhfuil míchumas orthu a bheith ag fágáil na heagraíochta, agus a thuairiscigh trí cinn as gach seacht gcomhlacht poiblí go raibh drochráta freagartha ann don áireamh foirne. Sa bhliain 2024, luaigh trí cinn as gach seacht gcomhlacht poiblí freisin go raibh níos lú fostaithe ag cur a stádais míchumais in iúl.

Comhlachtaí poiblí a bhfuil 1,000 fostaí nó níos mó acu

Sa bhliain 2024, bhí 1,000 fostaí nó níos mó ag 46 chomhlacht poiblí (21.3%), i gcomparáid le 45 chomhlacht poiblí (21.4%) sa bhliain 2023.

Sna blianta 2023 agus 2024, b'amhlaidh, i gcás roinnt de na comhlachtaí sin, a tháinig athruithe ar a líon iomlán fostaithe agus ar a líon iomlán fostaithe a bhfuil míchumas orthu. Bhí na hathruithe sin mar a leanas:

- Sa bhliain 2024, b'amhlaidh, i gcás 14 cinn de na 46 chomhlacht poiblí sin (32.7%), **a tháinig méadú 5% nó níos mó ar a líon iomlán fostaithe**. Sa bhliain 2023, thuairiscigh 14 chomhlacht poiblí (31.1%) méadú ar an líon fostaithe freisin. Sna blianta 2023 agus 2024, mhínigh comhlachtaí poiblí gurbh iad earcaíocht leanúnach, líonadh folúntas agus ceaduithe le haghaidh poist nua na príomhchúiseanna leis na méaduithe sin sa líon iomlán fostaithe.
- Sa bhliain 2024, thuairiscigh 27 gcinn de na comhlachtaí poiblí sin (58.7%) gur tháinig **méadú 5% nó níos mó ar a líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu**, i gcomparáid le 24 chomhlacht poiblí (53.3%) sa bhliain 2023.
- Sa bhliain 2024, b'amhlaidh, i gcás comhlacht poiblí amháin (2.2%), **a tháinig laghdú 5% nó níos mó ar a líon iomlán fostaithe**, i gcomparáid le dhá chomhlacht poiblí (4.4%) sa bhliain 2023. Thuairiscigh an comhlacht poiblí sin gurbh í an chúis leis an laghdú sin ná fostaithe a bheith ag fágáil na heagraíochta. Sa bhliain 2023, thuairiscigh dhá chomhlacht poiblí freisin gurbh é fostaithe a bheith ag fágáil a n-eagraíochta an chúis leis an laghdú sa líon iomlán fostaithe.
- Sa bhliain 2024, b'amhlaidh, i gcás trí cinn de na comhlachtaí poiblí sin (6.5%), **a tháinig laghdú 5% nó níos mó ar a líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu**. Sa bhliain 2023, bhí laghdú ann i gcás trí chomhlacht poiblí (6.7%) freisin. Sa bhliain 2024, thuairiscigh comhlachtaí poiblí gurbh é a bhí i gceann de na príomhchúiseanna leis an laghdú sin ná ráta freagartha níos ísle don áireamh foirne. Sa bhliain 2023, thuairiscigh comhlachtaí poiblí sa chohórt seo an toisc seo mar chúis leis an laghdú ar an líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu,

chomh maith le scor fostaithe faoi mhíchumas ar fhorais sláinte agus le líon níos lú ball foirne a bheith ag nochtadh míchumais.

Aguisíní atá ag gabháil leis an Tuarascáil seo

Tá trí Aguisín ag gabháil leis an tuarascáil seo. In Aguisín A, tugtar na torthaí do Ranna Rialtais a bhfuil státseirbhísigh amháin mar fhoireann dóibh do na blianta 2023 agus 2024. In Aguisín B, tugtar na torthaí do Ranna Rialtais agus do na comhlachtaí poiblí atá faoina gcoimirce do na blianta 2023 agus 2024. In Aguisín C, tugtar ainm na gcomhlachtaí poiblí, agus an céatadán de na comhlachtaí sin, a rinne áireamh foirne sa bhliain 2024.

3. Bearta chun oibleagáidí Chuid 5 a chomhlíonadh sa bhliain 2023

I mí na Nollag 2023, leasaíomar na ceisteanna le haghaidh bhailiú sonraí Chuid 5 chun sonraí níos saibhre a fháil i gcomhréir le ceann amháin de na príomh-mholtaí a bhí sa [tuarascáil uainn ar an Athbhreithniú ar Chuid 5](#). I gcás thuarascáil Chuid 5 don bhliain 2024, rinneamar athbhreithniú agus leasú ar na ceisteanna an athuair, agus an méid a foghlaimíodh ón bpróiseas sin á úsáid againn mar bhonn eolais. D'oibríomar i gcomhar le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OCGIO) freisin chun na ceisteanna a aistriú ó dhoiciméad Excel ina bhformáid inrochtana ar líne ar a dtugtar Forms.ie. Tugadh oiliúint agus tacaíocht leanúnach do chomhlachtaí poiblí maidir le conas an córas nua sin a úsáid. A bhuí leis na leasuithe sin ar phróiseas Chuid 5, cabhraíodh linn sonraí níos mine agus níos cruinne a fháil ó chomhlachtaí poiblí, agus an próiseas bailithe agus anailísithe sonraí do Chuid 5 á dhéanamh ina phróiseas níos éifeachtúla ag an am céanna.

Ba mar a leanas a bhí na príomhathruithe a rinneamar ar cheisteanna Chuid 5 don bhliain 2024:

- Tugadh isteach ceist ar leith faoi bhearta le haghaidh fostaithe a choinneáil.
- Tugadh isteach ceist nua faoi cé acu a sheolann comhlachtaí poiblí amach foirmeacha rúnda bliantúla ar féidir le fostaithe a stádas míchumais a athrú iontu nó nach seolann.
- Cuíchóiríodh na ceisteanna faoi thaithí oibre.
- Cuireadh ceisteanna níos sonraí leis faoi inrochtaineacht na bpróiseas earcaíochta de chuid comhlachtaí poiblí.
- Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí an raibh beartas scríofa acu maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar nó nach raibh, de réir na teorach ó ÚNM. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí beartas scríofa maidir leis an gcéanna a bheith acu, ar beartas é a chuirtear in iúl do gach fostaí ionas gurb eol dóibh an próiseas. Tháinig an cheist sin in ionad ceist níos neamhiata faoi na próisis le haghaidh socruithe réasúnacha a sholáthar, ar cheist í nár sholáthair aon sonraí úsáideacha dúinn.
- Cuireadh ceisteanna breise leis faoi na bearta a bhí i bhfeidhm ag comhlachtaí poiblí chun tacú le bainisteoirí líne.
- Tugadh isteach amlíne do chomhlachtaí poiblí maidir le bearta a fhorbairt le haghaidh earcú daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú; tacú le fostaithe a stádas míchumais a chur in iúl; fostaithe a choinneáil; socruithe réasúnacha a sholáthar; agus tacú le bainisteoirí líne. Más rud é gur luaigh comhlachtaí poiblí

go raibh siad ag forbairt birt, fiafraíodh díobh an mbeadh an beart i bhfeidhm acu laistigh de thrí mhí; laistigh de shé mhí; laistigh de naoi mí nó laistigh de dhá mhí dhéag. Tá sé tábhachtach go mbeadh amlíne ag comhlachtaí poiblí maidir le cén uair a chuirfidh siad beart chun feidhme, toisc gur cheart go méadódh sé sin an dóchúlacht go gcuirfí i bhfeidhm é.

Sa bhliain 2024, tá na bearta a bhí i bhfeidhm ag comhlachtaí poiblí chun a n-oibleagáidí faoi Chuid 5 a chomhlíonadh grúpáilte faoi na catagóirí seo a leanas:

- Earcú daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú.
- Tacú le fostaithe a bheith ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl.
- Fostaithe a bhfuil míchumas orthu nó nach bhfuil míchumas orthu a choinneáil.
- Socruithe réasúnacha a sholáthar.
- Tacaí do bhainisteoirí líne chun cabhrú le fostaithe faoi mhíchumas socruithe réasúnacha nó cineálacha eile cúnamh a rochtain.
- Páirt a ghlacadh i gcláir taithí oibre do dhaoine a bhfuil míchumas orthu.

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí freisin an ndearna siad idirchaidreamh lena gCoiste Faireacháin faoi seach nó nach ndearna. Mura ndearna siad idirchaidreamh leis na coistí sin, iarradh orthu cúiseanna a thabhairt le cén fáth nach ndearnadh an t-idirchaidreamh sin. **Féach rannán 3.7 le haghaidh anailís ar na freagraí uathu.**

3.1 Earcú daoine faoi mhíchumas a mhéadú

Sna blianta 2023 agus 2024, tugadh roghanna do chomhlachtaí poiblí maidir leis na bearta a bhí i bhfeidhm acu chun earcú daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú.

Mionsonraítear i dTábla 4 **na bearta is coitianta** ar thuairiscigh comhlachtaí poiblí go raibh siad i bhfeidhm acu don chatagóir seo sna blianta 2023 agus 2024.

Sa bhliain 2024, thug ÚNM isteach roinnt ceisteanna nua chun cabhrú le comhlachtaí poiblí faisnéis níos mine a sholáthar maidir le cé chomh hinrochtana agus a bhí a mbearta earcaíochta. Mionsonraítear na torthaí sa tábla thíos. Chuireamar ceist ar leith ar chomhlachtaí poiblí freisin chun a dhéanamh amach ar chuir siad Cód Cleachtais na Státseirbhíse um Fhostú Daoine faoi Míchumas chun feidhme nó nár chuir. Tá * in aice leis na ceisteanna sin i dTábla 4.

Tábla 4. Bearta le haghaidh earcú daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú sna blianta 2023 agus 2024

	An líon iomlán comhlachtaí poiblí sa bhliain 2023 = 210		An líon iomlán comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024 = 216	
	An líon comhlachtaí poiblí agus an céatadán de chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2023	An céatadán de chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2023	An líon comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024	An céatadán de chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2024
Soláthraíonn do chomhlacht poiblí socruithe réasúnacha ina phróisis earcaíochta do dhaoine a bhfuil míchumas orthu	200	95.2%	210	97.2%
*Sonraítear in ábhair earcaíochta tiomantas do chomhlachta phoiblí do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	-	-	183	84.7%
*Soláthraíonn do chomhlacht poiblí ábhair inrochtana earcaíochta	-	-	146	67.6%
*Cuireann do chomhlacht poiblí Cód Cleachtais na Státseirbhíse um Fhostú Daoine faoi Mhíchumas chun feidhme	-	-	144	66.7%
Soláthraíonn do chomhlacht poiblí oiliúint comhionannais míchumais do gach fostaí	128	61.0%	141	65.3%
Tá ag do chomhlacht poiblí gealltanas foirmiúil scríofa go soláthrófaí cumarsáidí (digiteacha, scríofa, labhartha agus comharthaithe) atá deartha go huilíoch chun go mbeidh siad éasca le rochtain, le tuiscint agus le húsáid do gach duine	94	44.8%	116	53.7%
Tá cuspóir sonrathite ann sa Straitéis Acmhainní Daonna, sa Straitéis Chorporáideach nó sa Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ó d'eagraíocht chun earcú agus coinneáil daoine faoi mhíchumas a mhéadú	101	48.6%	110	50.9%

Tríd is tríd, luaigh formhór na gcomhlachtaí poiblí sa bhliain 2024 a bhí ag forbairt bearta éagsúla sa chatagóir seo go gcuirfí na bearta sin chun feidhme laistigh de thréimhse dhá mhí dhéag.

3.2 Bearta chun tacú le fostaithe a stádas míchumais a chur in iúl

Sna blianta 2023 agus 2024, tugadh roghanna do chomhlachtaí poiblí maidir leis na bearta a bhí i bhfeidhm acu chun tacú le fostaithe a stádas míchumais a chur in iúl.

Mionsonraítear i dTábla 5 **na bearta is coitianta** ar thuairiscigh comhlachtaí poiblí go raibh siad i bhfeidhm acu don chatagóir seo sna blianta 2023 agus 2024.

Sa bhliain 2024, thug ÚNM isteach ceist nua faoi cé acu a sheolann comhlachtaí poiblí amach foirmeacha rúnda bliantúla ar féidir le fostaithe a stádas míchumais a athrú iontu nó nach seolann. Tá * in aice leis an gceist sin i dTábla 5.

Tábla 5. Bearta chun tacú le fostaithe a bheith ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl sna blianta 2023 agus 2024

	An líon iomlán comhlachtaí poiblí sa bhliain 2023 = 210		An líon iomlán comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024 = 216	
	An líon comhlachtaí poiblí sa bhliain 2023	An céatadán de chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2023	An líon comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024	An céatadán de chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2024
Tugtar faisnéis do na fostaithe uile faoi na tacaí atá ar fáil dóibh	170	81.0%	181	83.8%
Ailt ar Inlíon nó i nuachtlitir na heagraíochta faoi na tionscnaimh atá ar bun ag an eagraíocht chun eagraíocht Chomhionann, Éagsúil agus Chuimsitheach a chruthú	136	64.8%	144	66.7%
*Seoltar amach foirmeacha rúnda bliantúla ar féidir le fostaithe a stádas míchumais a athrú iontu	-	-	96	44.4%
Tá feachtais feasachta ar an gcomhionannas míchumais ag an eagraíocht	31	14.8%	94	43.5%

Tugtar faisnéis ábhartha agus mionsonraí teagmhála ábhartha d'fhostaithe faoi mhíchumas maidir le conas is féidir leo teacht chun bheith ina gcuraidh éagsúlachta in eagraíocht	58	(27.6%)	70	32.4%
---	----	---------	----	-------

Tríd is tríd, luaigh formhór na gcomhlachtaí poiblí sa bhliain 2024 a bhí ag forbairt bearta éagsúla sa chatagóir seo go gcuirfí na bearta sin chun feidhme laistigh de thréimhse dhá mhí dhéag.

3.3 Fostaithe a bhfuil míchumas orthu nó nach bhfuil míchumas orthu a choinneáil

Sa bhliain 2024, thug ÚNM ceist ar leith isteach maidir le bearta a bhí i bhfeidhm ag comhlachtaí poiblí chun gach fostaí a choinneáil. Sa chomhthéacs sin, ní féidir comparáid a dhéanamh idir torthaí ón mbliain 2024 agus torthaí ón mbliain 2023.

Mionsonraítear i dTábla 6 **na bearta is coitianta** a bhí i bhfeidhm ag comhlachtaí poiblí don chatagóir seo sa bhliain 2024.

Tábla 6. Bearta chun fostaithe a choinneáil chun bheith ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl sa bhliain 2024

	An líon iomlán comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024 = 216	
	An líon comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024	An céatadán de chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2024
Cinntítear go bhfuil socruithe réasúnacha i bhfeidhm sula bhfillleann an fostaí ar an obair	213	98.6%
Pléann agus comhaontaíonn fostaithe agus fostóirí socruithe réasúnacha sula bhfillleann an fostaí ar an obair	211	97.7%
Cuirtear na fostaithe uile ar an eolas faoi bheartais agus próisis na heagraíochta le haghaidh tacaíocht a thabhairt d'fhostaithe nuair atá siad ar shaoire bhreuiteachta/ar shaoire neamhláithreachta fhadaíthe	210	97.2%
Athraítear stáisiúin oibre chun iad a dhéanamh inrochtana	210	97.2%
Is féidir le fostaithe atá ar shaoire bhreuiteachta nó ar shaoire fhadaíthe a roghnú fillleadh céimnithe ar an obair a bheith acu ar dtús	200	92.6%

Tá duine ainmnithe ann i d'eagraíocht atá ceaptha chun cumarsáid a dhéanamh le fostaithe atá ar shaoire bhreiteachta/ar shaoire neamhláithreachta fhadaíthe	197	91.2%
Faigheann fostaithe atá ag fillleadh ar an obair tar éis saoire bhreiteachta nó tar éis saoire fhadaíthe agallamh um fillleadh ar an obair	185	85.6%

Tríd is tríd, luaigh formhór na gcomhlachtaí poiblí sa bhliain 2024 a bhí ag forbairt bearta éagsúla sa chatagóir seo go gcuirfí na bearta sin chun feidhme laistigh de thréimhse trí mhí.

3.4 Socruithe réasúnacha

De réir na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998–2015, ní mór d'fhostóirí socruithe réasúnacha a dhéanamh d'fhostaithe faoi mhíchumas, á chinntiú gur féidir leo a bpost a dhéanamh ina iomláine agus comhdheiseanna fostaíochta a bheith acu, mura bhfuil na socruithe sin ina n-ualach díreireach ar an bhfostóir.⁵

Sa bhliain 2023, chuireamar ceist ar chomhlachtaí poiblí faoi na próisis a bhí i bhfeidhm acu chun socruithe réasúnacha a sholáthar. Bhí na freagraí a fuaireamar sách doiléir, rud a léiríonn go bhfuil cur chuige comhsheasmhach i leith an phróisis sin in easnamh san earnáil phoiblí. Sa bhliain 2024, cinneadh gan an cineál sin ceiste a chur ar áireamh, toisc nár thug sé faisnéis shoiléir dúinn maidir le conas a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí socruithe réasúnacha.

Ina ionad sin, b'amhlaidh sa bhliain 2024 a d'fhiafraíomar de chomhlachtaí poiblí an raibh beartas scríofa acu maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar nó nach raibh, de réir na comhairle uainn. Sa bhliain 2024, luaigh 100 comhlacht poiblí (46.5%) sna freagraí uathu go raibh beartas scríofa acu le haghaidh socruithe réasúnacha a sholáthar.

Cuireann ÚNM in iúl do chomhlachtaí poiblí arís agus arís eile cé chomh tábhachtach agus atá sé go mbeadh beartas scríofa acu maidir lena bpróiseas le haghaidh socruithe réasúnacha a sholáthar chun a chinntiú go mbíonn gach fostaí ar an eolas go soláthraíonn a n-eagraíocht an tacaíocht sin agus gurb eol dóibh an próiseas atá le leanúint acu chun an céanna a iarraidh.

Chuir ÚNM comhairle ar chomhlachtaí poiblí freisin maidir leis na cineálacha socruithe réasúnacha is féidir leo a chur chun feidhme chun

⁵ I measc na dtosca is gá a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil socrú ar leith ina ualach díreireach tá na costais airgeadais agus eile atá i gceist leis an socrú a sholáthar, na hacmhainní atá ar fáil do ghnó an fhostóra, agus an fhéidearthacht a bhaineann le cistiú poiblí nó cúnamh eile a fháil.

tacú le fostaithe a bhfuil míchumas orthu a bpost a dhéanamh ina n-iomláine. Cuirimid in iúl do chomhlachtaí poiblí arís agus arís eile gur féidir le cuid mhór socruithe réasúnacha dul chun tairbhe do gach fostaí freisin.

Na cineálacha socruithe réasúnacha a soláthraíodh

Sna blianta 2023 agus 2024, tugadh roghanna do chomhlachtaí poiblí maidir leis na cineálacha socruithe réasúnacha a sholáthair siad.

Sa bhliain 2024, thuairiscigh 205 cinn de 216 chomhlacht phoiblí (94.9%) gurbh é an socrú réasúnach is coitianta a sholáthair siad ná na cúraimí oibre/an ról oibre de chuid fostaí a choigeartú de réir a riachtanas agus a gcumas mar dhuine aonair. Sa bhliain 2023, níor thuairiscigh ach 24 cinn de 210 gcomhlacht phoiblí (11.4%) go raibh an beart sin i bhfeidhm acu.

Mionsonraítear i dTábla 7 **na socruithe réasúnacha is coitianta** ar thuairiscigh comhlachtaí poiblí go raibh siad i bhfeidhm acu don chatagóir seo sna blianta 2023 agus 2024.

Tábla 7. Socruithe réasúnacha a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí

	An líon iomlán comhlachtaí poiblí sa bhliain 2023 = 210		An líon iomlán comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024 = 216	
	An líon comhlachtaí poiblí sa bhliain 2023	An céatadán de chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2024	An líon comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024	An céatadán de chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2024
Uaireanta oibre solúbtha a sholáthar, mar shampla uaireanta páirtaimseartha nó amanna tosaithe níos luaithe nó níos déanaí chun freastal ar fhostaí faoi mhíchumas	195	92.9%	201	93.1%
Teicneolaíochtaí cúnta a sholáthar, mar shampla léitheoirí scáileáin do dhaoine a bhfuil laguithe amhairc orthu	161	76.7%	186	86.1%
Spás ciúin a sholáthar d'fhostaithe ionas gur féidir leo a scíth a ligean	158	75.2%	167	77.3%
Fostaithe a athoiliúint, más gá, ionas gur féidir leo dul i mbun post eile laistigh den chuideachta	167	79.5%	167	77.3%
Ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar d'fhostaithe a shainaithníonn iad féin mar dhaoine Bodhra	82	39.0%	90	41.7%

Tríd is tríd, luaigh formhór na gcomhlachtaí poiblí a bhí ag forbairt bearta éagsúla sa chatagóir seo go gcuirfí na bearta sin chun feidhme laistigh de thréimhse 12 mhí.

Deacrachtaí maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí freisin ar tháinig a n-eagraíocht ar dheacrachtaí riamh maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu. Sa bhliain 2024, luaigh 57 gcinn de 216 chomhlacht poiblí (26.4%) sna freagraí uathu go raibh deacrachtaí acu ina leith sin, i gcomparáid le 42 cheann de 210 gcomhlacht poiblí (20.0%) sa bhliain 2023. Tugann ÚNM dá aire an méadú beag bídeach sin ina leith sin agus scrúdóidh sé an tsaincheist sin tuilleadh.

Ba í an deacracht is coitianta a tuairiscíodh sna blianta 2023 agus 2024 ná saincheistean a bhain le teicneolaíochtaí cúnta a shuiteáil. Sa bhliain 2024, luaigh 28 gcinn de 57 gcomhlacht poiblí (49.1%) gurbh é sin an dara deacracht is coitianta ar tháinig siad uirthi maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar, i gcomparáid le 15 cinn de 42 chomhlacht poiblí (35.7%) sa bhliain 2023.

Sna blianta 2023 agus 2024, bhí difríocht ann sna freagraí a bhain le deacrachtaí coitianta eile maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar:

- **Socruithe saincheaptha a sholáthar:** Sa bhliain 2023, thuairiscigh 12 cheann de 42 chomhlacht poiblí (28.6%) gurbh é sin an dara deacracht is coitianta ar tháinig siad uirthi. I gcás roinnt comhlachtaí poiblí, tharla sé sin toisc nach bhféadfaí aon socrú ná aon rogha eile a sholáthar mar thoradh ar an ról, ar na cúraimí sonracha a bhaineann leis an ról, ar an gcineál eagraíochta nó ar shuíomh na heagraíochta.
- **Moilleanna ar mheasúnuithe a fháil:** Sa bhliain 2024, thuairiscigh 26 cinn as 57 gcomhlacht poiblí (45.6%) gurbh é sin an dara deacracht is coitianta ar tháinig siad uirthi.

3.5 Tacaí do bhainisteoirí líne

Sa bhliain 2024, sholáthair 203 cinn de 216 chomhlacht poiblí (94.0%) tacaí do bhainisteoirí líne chun cabhrú le fostaíthe faoi mhíchumas socruithe réasúnacha a rochtain nó chun cineálacha eile cúnamh a thabhairt, i gcomparáid le 156 cinn de 210 gcomhlacht poiblí (74.3%) sa bhliain 2023.

Sa bhliain 2024, cuireadh ceistean breise ar chomhlachtaí poiblí maidir leis an gcineál tacaíthe a sholáthraíonn siad. Sa chomhthéacs sin, ní féidir comparáid a dhéanamh idir torthaí ón mbliain 2023 agus torthaí ón mbliain 2024. Mionsonraítear i dTábla 8 **na tacaí is coitianta** a tugadh do bhainisteoirí líne sa bhliain 2024.

Tábla 8. Tacaí do bhainisteoirí líne sa bhliain 2024

	An líon iomlán comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024 = 216	
	An líon comhlachtaí poiblí sa bhliain 2024	An céatadán de chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2024
Soláthraítear rochtain ar acmhainní, amhail treoir maidir le fostaithe a bhainistiú, do bhainisteoirí líne	195	90.3%
An soláthraítear deiseanna do bhainisteoirí líne tacaíocht a fháil ó eagraíochtaí seachtracha?	175	81.0%
Soláthraítear meantóireacht ó chomhghleacaithe inmheánacha, amhail an fhoireann Acmhainní Daonna nó an fhoireann um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, do bhainisteoirí líne	161	74.5%
Soláthraítear oiliúint san fheasacht ar mhíchumas do bhainisteoirí líne	156	72.2%
Soláthraítear rochtain ar líonraí foirne do bhainisteoirí líne	143	66.2%
Soláthraítear deiseanna do bhainisteoirí líne dul isteach i líonraí bainistíochta seachtracha	136	63.0%

Tríd is tríd, luaigh formhór na gcomhlachtaí poiblí a bhí ag forbairt bearta éagsúla sa chatagóir seo go gcuirfí na bearta sin chun feidhme laistigh de thréimhse idir sé mhí agus dhá mhí dhéag ar fad.

3.6 Cláir taithí oibre

Sna blianta 2023 agus 2024, fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí ar ghlac siad páirt sna cláir taithí oibre seo a leanas nó nár ghlac:⁶

- Clár Willing Able Mentoring (WAM) AHEAD, lena soláthraítear taithí oibre íoctha ar feadh tréimhse idir 12 mhí agus 18 mí do chéimithe a bhfuil raon éagsúil cineálacha míchumais orthu.
- Clár oiliúna Foghlama Oibre an Oireachtais (OWL), lena soláthraítear taithí oibre neamhíoctha d'aosaigh óga a bhfuil míchumas intleachta orthu agus ar clár deich mí é.

⁶ Sa bhliain 2024, ní raibh aon chlár taithí oibre ag Specialisterne toisc go raibh sé ag athbhreithniú an phróisis sin. Mar sin de, níor chuireamar an eagraíocht sin ar áireamh i gceisteanna Chuid 5 sa bhliain 2024.

Clár Willing Able Mentoring (WAM) AHEAD


Sa bhliain 2024, ghlac 25 cinn de 216 chomhlacht phoiblí (11.6%) páirt i gClár Willing Able Mentoring AHEAD, i gcomparáid le 29 gcinn de 210 gcomhlacht phoiblí (13.8%) sa bhliain 2023.⁷

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí a ghlac páirt i gclár Willing Able Mentoring AHEAD sna blianta 2023 agus 2024 cá mhéad rannpháirtí sa chlár sin a d'aistrigh isteach san fhostaíocht ina n-eagraíocht/ina Roinn. Ba mar a leanas a bhí na freagraí sin ar an gceist sin:

- **D'aistrigh na rannpháirtithe uile isteach san fhostaíocht:** Sa bhliain 2024, luaigh 14 cinn de 25 chomhlacht phoiblí (56.0%) gur aistrigh a rannpháirtithe uile isteach san fhostaíocht íoctha. Ba mhéadú é sin ó ocht gcinn (27.6%) de 29 gcomhlacht phoiblí sa bhliain 2023.
- **D'aistrigh roinnt rannpháirtithe isteach san fhostaíocht:** Sa bhliain 2024, thuairiscigh ceithre cinn de na 25 chomhlacht phoiblí (16%) gur aistrigh roinnt dá rannpháirtithe isteach san fhostaíocht, i gcomparáid le sé cinn de 29 gcomhlacht phoiblí (20.7%) sa bhliain 2023.
- **Níor aistrigh aon rannpháirtithe isteach san fhostaíocht íoctha:** Sa bhliain 2024, thuairiscigh seacht gcinn de na 25 chomhlacht phoiblí (28.0%) nár aistrigh aon rannpháirtithe isteach san fhostaíocht íoctha, i gcomparáid le hocht gcinn de 29 gcomhlacht phoiblí (27.6%) sa bhliain 2023. **Féach Fíor 3 chun tuilleadh mionsonraí a fháil.**

⁷ Ghlac dhá chomhlacht phoiblí páirt sa chlár AHEAD agus i gclár Foghlama Oibre an Oireachtais araon (i.e., an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha). Ghlac trí chomhlacht phoiblí páirt i gclár AHEAD agus bhí clár inmheánach taithí oibre acu freisin (i.e., an Phríomh-Oifig Staidrimh, Fiontraíocht Éireann, agus Comhairle Contae Mhuineacháin).

Fíor 3: Clár AHEAD. An líon comhlachtaí poiblí inar aistrigh daoine faoi mhíchumas isteach san fhostaíocht sna blianta 2023 agus 2024



Clár oiliúna Foghlama Oibre an Oireachtais (OWL)


Sna blianta 2023 agus 2024, ba bheag fós a bhí an líon comhlachtaí poiblí a luaigh gur ghlac siad páirt sa chlár sin. Ghlac cúig cinn de 216 chomhlacht poiblí (2.3%) páirt ann sa bhliain 2024, agus ghlac cúig cinn de 210 gcomhlacht poiblí (2.3%) páirt ann sa bhliain 2023.

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí a ghlac páirt i gclár oiliúna Foghlama Oibre an Oireachtais sna blianta 2023 agus 2024 cá mhéad rannpháirtí sa chlár sin a d'aistrigh isteach i bhfostaíocht ina n-eagraíocht/ina Roinn. Ba mar a leanas a bhí na freagraí ar an gceist sin:

- **D'aistrigh na rannpháirtithe uile isteach san fhostaíocht:** Cosúil leis an mbliain 2023, luaigh ceann amháin as gach cúig chomhlacht poiblí (20.0%) gur aistrigh na rannpháirtithe uile isteach san fhostaíocht.
- **D'aistrigh roinnt rannpháirtithe isteach san fhostaíocht:** Sa bhliain 2024, luaigh ceann amháin as gach cúig chomhlacht poiblí (20.0%) gur aistrigh roinnt rannpháirtithe isteach san fhostaíocht, i gcomparáid le dhá cheann as gach cúig chomhlacht poiblí (40.0%) sa bhliain 2023.
- **Níor aistrigh aon rannpháirtithe isteach san fhostaíocht**
íochta: Sa bhliain 2024, luaigh trí cinn as gach cúig chomhlacht poiblí (60.0%) nár aistrigh aon rannpháirtithe isteach san fhostaíocht, i gcomparáid le dhá cheann as gach cúig chomhlacht poiblí (40.0%) sa bhliain 2023.

Féach Fíor 4 chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

Fíor 4: Clár oiliúna Foghlama Oibre an Oireachtais. An líon comhlachtaí poiblí inar aistrigh daoine faoi mhíchumas isteach san fhostaíocht sna blianta 2023 agus 2024



Cláir Inmheánacha Taithí Oibre do dhaoine faoi mhíchumas

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí freisin ar oibrigh siad a dtaithí oibre féin nó a gcláir inmheánacha taithí oibre féin do dhaoine faoi mhíchumas nó nár oibrigh. Fiafraíodh díobh ar soláthraíodh taithí oibre íoctha nó neamhíoctha sna cláir sin agus cá fhad a mhair na cláir sin.

Sa bhliain 2024, bhí clár inmheánach taithí oibre do dhaoine faoi mhíchumas ag 32 cheann de 216 chomhlacht phoiblí (14.8%). Is laghdú beag bídeach é sin i gcomparáid le 40 ceann de 210 gcomhlacht phoiblí (19.0%) sa bhliain 2023.


- Sa bhliain 2024, sholáthair 22 cheann de na comhlachtaí poiblí sin (68.8%) cláir inmheánacha oibre íoctha, i gcomparáid le 25 cinn (62.5%) sa bhliain 2023.
- Sa bhliain 2024, sholáthair 10 gcinn de na comhlachtaí poiblí sin (31.3%) cláir inmheánacha oibre neamhíoctha, i gcomparáid le 15 cinn (37.5%) sa bhliain 2023.
- Sa bhliain 2024, thuairiscigh 11 cheann de na comhlachtaí poiblí sin (34.3%) gur mhair a gcláir taithí oibre tréimhse is lú ná trí mhí, i gcomparáid le 16 chomhlacht phoiblí (40%) a rinne amhlaidh sa bhliain 2023.

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí a raibh na cláir sin acu sna blianta 2023 agus 2024 cá mhéad rannpháirtí sna cláir sin a d'aistrigh isteach i bhfostaíocht. Tá na freagraí ar na ceistanna sin mar a leanas:

- **D’aistrigh na rannpháirtithe uile isteach san fhostaíocht:** Sa bhliain 2024, thuairiscigh naoi gcinn de 32 chomhlacht phoiblí (28.1%) gur aistrigh a rannpháirtithe uile isteach san fhostaíocht, i gcomparáid le cúig cinn de 40 comhlacht poiblí (12.5%) sa bhliain 2023.⁸
- **D’aistrigh roinnt rannpháirtithe isteach san fhostaíocht:** Sa bhliain 2024, thuairiscigh cúig cinn de 32 chomhlacht phoiblí (15.6%) gur aistrigh roinnt rannpháirtithe isteach san fhostaíocht, i gcomparáid le sé cinn de 40 comhlacht poiblí (15.0%) sa bhliain 2023.
- **Níor aistrigh aon rannpháirtithe isteach san fhostaíocht:** Sa bhliain 2024, thuairiscigh 16 cinn de 32 chomhlacht phoiblí (50.0%) nár aistrigh aon duine dá rannpháirtithe isteach san fhostaíocht, i gcomparáid le 23 cinn de 40 comhlacht poiblí (57.5%) sa bhliain 2023.

Féach Fíor 5 chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

Fíor 5: Cláir inmheánacha taithí oibre. An líon comhlachtaí poiblí inar aistrigh fostaíthe isteach i stádas fostaíochta sna blianta 2023 agus 2024



Tugann ÚNM dá aire an laghdú ar an líon comhlachtaí poiblí atá ag cur cláir taithí oibre chun feidhme. Is féidir leis na cláir sin cabhrú le comhlachtaí poiblí earcú daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú. Scrúdóimid aon dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an mbeart

⁸ Thug dhá chomhlacht phoiblí “anaithnid” mar fhreagra ar an gceist sin faoi aistrithe isteach san fhostaíocht íoctha.

sin agus fiosróimid na roghanna le haghaidh an líon comhlachtaí poiblí a chuirfidh an beart sin chun feidhme a mhéadú amach anseo.

3.7 Idirchaidreamh le Coistí Faireacháin

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí an ndearna siad aon idirchaidreamh leis an gCoiste Faireacháin ina máthair-Roinn sa bhliain 2024 nó nach ndearna.

Sa bhliain 2024, thuairiscigh 95 cinn (44.0%) de 216 chomhlacht poiblí go ndearna siad idirchaidreamh lena gCoiste Faireacháin sa bhliain 2024, i gcomparáid le 88 gcinn (41.9%) de 210 gcomhlacht poiblí sa bhliain 2023.

Sa bhliain 2024, ní dhearna 121 cheann (56.0%) de 216 chomhlacht poiblí idirchaidreamh lena gCoiste Faireacháin, i gcomparáid le 122 cheann (58.1%) de 210 gcomhlacht poiblí sa bhliain 2023.

Sna blianta 2023 agus 2024, fiafraíodh de na comhlachtaí poiblí sin cén fáth nach ndearna siad aon idirchaidreamh lena gCoiste Faireacháin.

Maidir leis na cúiseanna is coitianta a thug comhlachtaí poiblí le gan idirchaidreamh a dhéanamh le Coistí Faireacháin sa bhliain 2023, tá siad difriúil leis na cúiseanna is coitianta a tugadh sa bhliain 2024.

Cúiseanna nach ndearnadh idirchaidreamh leis an gCoiste Faireacháin sa bhliain 2023

Sa bhliain 2023, ba iad seo a leanas na cúiseanna is coitianta a thug comhlachtaí poiblí le gan idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoiste Faireacháin:

- **Gan aon chúis shonrach a bheith acu le hidirchaidreamh a dhéanamh:** Sa bhliain 2023, ba í sin an phríomhchúis a thug 73 cinn de 122 chomhlacht poiblí (59.8%).
- **Ní dhearna an Coiste Faireacháin teagmháil:** Sa bhliain 2024, thug 20 ceann de 121 chomhlacht poiblí (16.4%) an freagra sin.

Cúiseanna nach ndearnadh idirchaidreamh leis na Coistí Faireacháin sa bhliain 2024

Sa bhliain 2024, ba iad seo a leanas na cúiseanna is coitianta a thug comhlachtaí poiblí le gan idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoiste Faireacháin:

- **Baineadh an íos-sprioc amach:** Sa bhliain 2024, ba í sin an phríomhchúis a thug 94 cinn de 121 chomhlacht poiblí (77.7%).
- **Thuig an comhlacht poiblí a oibleagáidí faoi Chuid 5:** Sa bhliain 2024, thug 76 cinn de 121 chomhlacht poiblí (62.8%) an freagra sin.

- **Ní dhearna an Coiste Faireacháin teagmháil:** Sa bhliain 2024, thug 42 cheann de 121 chomhlacht poiblí (34.7%) an freagra sin.

Tá imní ar ÚNM nach ndearna a gCoistí Faireacháin teagmháil le comhlachtaí poiblí. Mar sin féin, tugaimid dár n-aire freisin gur thuairiscigh roinnt comhlachtaí poiblí athruithe ar a gCoistí Faireacháin, nach raibh ach tar éis foghlaim faoin bpróiseas seo. Leanfaidh ÚNM den chomhairle agus den treoir uaidh a chur in iúl, is é sin gur gá do Choistí Faireacháin agus do chomhlachtaí poiblí obair i ndlúthchomhar chun a chinntiú go leanfaidh comhlachtaí poiblí dá bhfeidhmíocht faoi Chuid 5 a fheabhsú.

4. Faireachán agus Comhlíonadh

Comhlíonadh faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005

Faoi alt 49 den Acht um Míchumas 2005, féadfaidh ÚNM tuilleadh faisnéise a iarraidh ó chomhlachtaí poiblí nár bhain an íos-sprioc reatha 3% amach le dhá bhliain as a chéile. Athbhreithníonn ÚNM an fhaisnéis sin chun a chinneadh an bhfuil comhlacht poiblí comhlíontach faoi Chuid 5 nó nach bhfuil. Déanann ÚNM faireachán ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí uile. Mar atá luaite i **Rannán 2.3 den tuarascáil seo**, áfach, aithníonn ÚNM na deacrachtaí a bhíonn ag comhlachtaí poiblí beaga (a bhfuil níos lú ná caoga fostaí acu) maidir leis an íos-sprioc a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, seolaimid iarrataí alt 49 chuig comhlachtaí poiblí a bhfuil níos mó ná caoga fostaí acu.

4.1 Comhlíonadh an Achta, 2021 agus 2022

Sna blianta 2021 agus 2022, níor bhain na cúig chomhlacht phoiblí seo a leanas an íos-sprioc 3% amach don dá bhliain chomhleanúnacha sin:

- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Gaillimh-Maigh Eo (ATU) – ar a dtugtaí Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo sa bhliain 2021
- Bord Bia
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- An Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún
- An Chomhairle Ealaíon

Sheol ÚNM iarrataí alt 49 do na blianta 2021 agus 2022 chuig na comhlachtaí poiblí sin.

Ní bhfuair Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Gaillimh-Maigh Eo, Bord Bia, an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún ná an Chomhairle Ealaíon aon **dréachtchinntí sna blianta 2021 agus 2022 go raibh neamhchomhlíonadh ann.**

Sna freagraí uathu ar iarrataí alt 49 le haghaidh na tréimhse dhá bhliain sin, thaispeáin na ceithre chomhlacht phoiblí sin go raibh bearta leordhóthanacha i bhfeidhm acu chun a n-oibleagáidí faoi Chuid 5 a chomhlíonadh. Bhí tosca maolaitheacha ann lenar cuireadh cosc ar na comhlachtaí poiblí sin an íos-sprioc 3% a bhaint amach. Áiríodh leo sin, mar shampla: chumaisc comhlachtaí poiblí; d'fhág fostaithe a bhfuil míchumas orthu eagraíochtaí le haghaidh tabhairt faoi fhostaíocht in áit eile; nó d'éirigh fostaithe a bhfuil míchumas orthu as.

Tá áthas ar ÚNM a thabhairt dá aire gur fheidhmigh na ceithre chomhlacht phoiblí sin níos fearr ná an íos-sprioc 3% sa bhliain 2023.

